Table of Contents:

Stories that were not published by Cló Uí Mheara and still need editing. The stories are as they were found with some corrections done.

Irish stories to read.

An Coinín Mór Bán 2
An Crann Cnóchapaill 4
An Firín Sí 6
An Helicopter Iontach - le Brian Óg 10
Lios Na Sí 12
An Leanbh Sa Bhosca 15
Bullaí Bill agus Beini Beag 17
Bullaí Bill agus Beini Beag An Campa 18
Bullaí Bill agus Beiní Beag An Lorry Beag 19
An Bosca San Abhainn 20
Bullaí Bill agus Beiní Beag An Barrra Seacláide 21
An Gleann a Bhí Caillte 22
- **An Bosca sa Portach** 23
- **Gleann an Ghadaí** 24
- **Pasáiste Tríd an Sliabh** 25
- **Radharc ar an nGleann** 26
- **Gleann an Ghadaí** 27
- **Sa Ghleann** 28
- **Ór agus Airgead?** 30
- **An Fear Fián** 31
- **An Fear Fiáin Arís** 34
- **Gleann Eile** 36
- **An Tigh Beag Gleoite** 37
- **Scéal an Fhir Fhiáin** 40

An Madra Mór Dearg 48
Lá ar an Ioch - Capall Nua 61
Lán A Mhála 64
Eachtraí Sheáin 73
Eachtraí na hÓige 81

An Coinín Mór Bán

Bhí laethanta saoire ón scoil ag na páistí agus is orthu a bhí an t-áthas. Bhí 'áthas mór ar Mháirtín agus ar Chiaráin agus ar Threasa. Bhí áthas orthu go raibh na laethanta saoire acu, agus bhí siad cun cuid den saoire sin a chaitheamh ar fheirim a Uncail. Ba bhreá leo an baile mór a fhágáil ina ndiaidh agus dul amach faoin tuaith, mar bhí fhios acu go mbeadh siad chomh saor léis na héin agus léis na hainmhithe ar fhéirm a uncail Liam. Chuir Uncail Liam agus Aintín Nóra fáilte is fiche roimh an triúr páiste. Ní raibh aon pháistí acu féin, agus ba bhreá leo an triúr páiste a bheith acu. Agus go deimhin bhíodh saol iontach ag an triúr. Thugaidís bia do na cearca agus bhailidís na huibheacha. Théidís le Uncail Liam amach tríd an bhfeirm ag féachaint ar na caoirigh agus ar na bulláin agus ar na ba.

Thiomáinidís na ba isteach sa tráthnona, agus bhídis ag féachaint ar Uncail Liam agus Aintín Nóra á gcrú; agus théidís gach aon lá go dtí an tuachtarlann le Uncail Liam. Bhí áthas an domhain ar na páistí maidin amháin nuair a dúirt Uncail Liam go raibh sé ag dul amach chun féar a bhaint. Ba bhreá léis na páistí bheith ag féachaint ar an obair. Chuaigh siad amach go dtí an móinéar, ach ní dheacaigh siad in aice leis an inneall bainte. Dúirt Uncail Liam leo fanacht amach uaidh – go raibh sé an-chontuirteach, ach nuair a thosaigh sé ag baint lean siad an t-ineall timpeall an mhóinéir. Lean siad timpeall uair amháin é; lean siad timpeall dhá uair é; lean siad timpeall trí uair é. Ach ansin tháinig tuirse orthu mar bhí an lá an-te agus shuigh siad síos ar an bhféar. Tar éis tamaill thosaigh siad ar / adhéanamh agus bhí spórt an domhain acu ag déanamh na ropaí féir. Go tobann léim Máirtín ina sheasamh. Chonaic sé rud éigin ag rith amach as an bhféar ard. "Féachaigí," ar seisean léis an mbéirt éile, "féichigí, coinín - coinín mór bán. Tá éagla air roimh an inneal bainte, agus tá sé ag iméacht as an móinéar. Léanaimís é." Léim an bhéirt éile ina seasamh leis. Caith siad uathu na súgáin, agus rith siad i ndiaidh an choinín. Rith an coinín trasna na páirce go dtí an balla. Rith na páistí ina dhiaidh, agus iad ag lúireach. Léim an coinín suas ar an mballa, agus d'fhéach sé timpeall. Ansin léim sé síos ar an taobh éile, agus d'imigh sé léis. Rith na páistí go tapaidh go dtí an balla. Léim siad suas air agus chonaic siad an coinín ag rith trasna na páirce, ach ceart go leor ní raibh sé ag rith go tapaidh; Bhí sé ag rith go mall, agus ní raibh sé i bhfad ó na páistí.

"Níl sé ag rith go tapaidh, " arsa Máirtín. "Leanaimis é, agus beirfimid air, agus beidh peata againn."
"Sea, arsa Ciarán, "béarfaimid air, agus cuirfimid isteach i dteach é." "Sea, beirímis air," arsa Tréasa, "agus beidh sport an domhan againn ansin. Beidh coinín bán againn. Níl coinín bán ag aon pháiste sa scoil. Tábharfaimid abhaile linn é."

Léim siad síos sa pháirc eile, agus rith siad chomh tapaidh agus a bhí ina gcosa. Bhí siad ag téacht suas léis an gcoinín mór bán I gcónaí. Tháinig an coinín go dtí claí. Léim sé suas ar an gclaí. D'fhéach sé timpeall ar na páistí. D'fhéach sé síos ar an taobh eile. Rith na páistí go dtí an claí. Léim siad suas agus chonaic siad an coinín mór bán agus é ag rith trasna na páirce eile. Ní raibh sé i bhfad uathu anois, mar bhí siad ag teacht suas léis i gcónaí. "Tá tuirse ag téacht air," arsa Máirtín. "Táimid ag teacht suas léis," arsa Ciarán. "Béarfaimid air cinnte," arsa Tréasa, agus rith siad níos tapúla na riamh i ndiaidh an choinín. Bhí siad i bpáirc beag anois, agus Bhí siad gar don choinín. Tháinig an coinín go dtí claí eile. Léim sé suas air, agus d'fhéach sé siar ar na páistí. Léim sé síos ar an taobh eile. Rith na páistí go dtí an claí. Léim siad suas air agus chonaic siad an coinín ag rith isteach i bpoll.

"Brostaigí oraibh," arsa Máirtín. "Brostaigí oraibh," arsa Tréasa"agus béarfaimid air." "Brostaigí, brostáigi," arsa Ciarán agus é ag rith i ndiaidh na beirte eile. Rith an coinín mór bán ar aghaidh. Chaith sé siar agus chaith sé soir. Chaith na páistí siar agus chaith siad soir ina dhiaidh. Rith an coinín mór bán ar aghaidh díreach. Rith na páistí díreach ar aghaidh ina dhiaidh. Chas an coinín arís. Chas na páistí in a dhiaidh, agus bhí siad ag téacht suas léis i gcónaí. Máirtín an duine is sine. Tá sé ocht mbliana, agus an dara duine. Níl sí ach seacht mbliana d'aois. Bhí sí díreach i ndiaidh Máirtín. Ciarán an dúine is óige agus bhí sé I ndiaidh Treasa. Bhí tuirse ag teacht ar Chiarán agus is minic a bhí ar Threasa breith ar lamh air agus é a tharrach ina diaidh. Bhí tuirse ag teacht ar an dtriúr, ach bhí siad lán chinnte go mbéarfaidis agus ní raibh siad chun éiri as an bhfiach. Bhí Máirtín in aice léis an gcoinín anois. Is beag nach bhféadfadh sé a lámh a chur air. Nóiméad eile agus léimfeadh sé agus bhéarfadh sé greim air. Diréach nuair a bhí Mairtin ar ti léimt ar an gcoinín d'imigh an coinín as amhrach timpeall crann mhoir. Rith Máirtín timpeall an chrann agus chonaic sé an coinín arís. Anois Bhí sé támall uaidh agus é ag rith síos an cnoc. Rith Máirtín ina dhiaidh, é ag titim agus ag sléamhnu agus ag éiri agus ag titim agus ag sléamhnu agus ag éiri arís. Lean Ciarán é ag sléamhnu é ag titim agus ag éiri. lean Tréasa an bheirt éile, í ag sléamhnu ag titim agus ag éiri. Thainíg siad go dtí bun an chnoic, ach nuair a thánig bhí an coinín imithe as amharc. Bhí sé caillte acu. "Tá sé caillte," arsa Máirtín. "Tá sé in áit éigin," arsa Ciarán. "Tá sé i bpoll éigin," arsa Treasa.

Tá tuirse air cibé áit ina bhfuil sé," arsa Máirtín, "agus gheobhaimid fós é," agus thosaigh an triúr ag rith timpeall ag cuardach. Bainéadh géit as Máirtín. Cad a chonaic sé ach teach beag istigh i méasc na gcrann agus é clúdaithe lé duilleoga agus lé eidhneán. "Féach ar an teach," arsa Máirtín. agus d'fhéach an triúr acu ar an teach beag a bhí istigh i lár na coille. Bhí doras beag sa teach agus fuinnéog beag amháin agus simléar beag in airde air. Bhí an doras dúnta. Bhí na fuinnéoga dúnta. Ní raibh aon deatach ag

téacht amach as an simléar, agus ba léir nach raibh aon duine sa teach. Chuaigh siad timpeall. Ní fhaca siad aon duine. Níor chuala siad aon ní ag corraí istigh. Rith Máirtín suas go dtí an fhuinneog agus d'fhéach sé isteach. Is beag nár thit sé as a shéasamh nuair a chonaic sé bean istigh, í ina suí ar chathaoir í ceangailte. Níor fhéad Máirtín labhairt nó corraí, ach chuala an bhean é. Labhair sí.

"Tar isteach," ar sí"agus sábhail mé ó tá mé ag fail bháis léis an ocras. Tá mé ag fáil bháis léis an tart.

Tár isteach……

An Crann Cnóchapaill

Lá amháin chuaigh Tomás Ó Riain amach faoin tuaith. Chonaic sé crann mór cnó chapaill istigh i bpáirc. Chuaigh sé isteach chun cnótha a bhailiú lé himirt leo. Chuaigh sé suas ar an gcrann agus líon sé a phóca leo. Nuair a Bhí sé ag teacht anuas, thóg sé faoi deara go raibh leac in aice leis an gcrann. Dárdaig sé an leac agus chonaic sé go raibh saghas staighre ag dul síos. Chuaigh sé síos an staighre.....síos.....síos .....síos go dtí go bhfaca sé doras beag ar chlé. Ní raibh an doras faoi ghlas. D'oscail sé go ciúin é agus d'fhéach sé isteach Is beag nár thit sé as a sheasamh nuair a chonaic sé seomra beag ós a chomhair amach. Bhí bord beag i lár an urláir. Ina shuí ag an mbord bhí féar beag ramhar. Bhí carn airgid ar

an mbord agus bhí an fear beag ramhar ag comhaireamh an airgid.

Léis an ngeit a baineadh as Tomás chúlaigh sé go t-obann agus dhéin sé fothram. Chuala an fear beag ramhar an fothram. Léim sé ina sheasamh, agus sciob gunnán as a phóca. Nuair a chonaic sé nach raibh ag an doras ach buachaill beag, chuir sé an gunnán thar n-ais ina phoca arís agus chuir sé a dhá láimh amach chun bréith ar Thomás. "Ha! ha!," ar seisean, "nach fiosrach atá tú. Ní thiocfaidh tú isteach anseo go ceann tamaill fhada arís." Ach Bhí Tomás níos tapúla ná é. Sciob sé cnámh mór as a phóca. Chaith sé léis an bhfear é. Bhuail sé i lár an éadain é, agus thit an fear beag ramhar ar fhleasc a dhroma ar an dtalamh, aus é gan aithne gan urlabhra. D'fhéach Tomás ina thimpeall. Chonaic sé corda I gcúinne an tseomra. Rith sé go dtí an corda agus ansin chuir sé ceangal na gcuig gcaol ar an bhfear beag ramhar a bhí ina luí fós ar an dtalamh ar fhleasc a dhroma agus é gan aithne gan urlabhra. Ansin rith Tomás amach an doras; rith sé suas an staighre; Léim sé síos ar an talamh; rith sé abhaile ar nós na gaoithe. D’inis sé an scéal dá athair. Rith a athair go dtí na Gárdaí. Rith Tomas i ndiaidh a nathair. D'inis an -áthair an scéal agus ansin chéistigh na Gárdaí Tomás. Ba ghéarr go raibh an Sairsínt agus beirt Gárda agus áthair Thomáis agus Tomás féin ag brostú amach go dtí an crann mór chnóchapaill.

Rith na Gárdaíi suas an crann; rith siad síos an stáighré; rith siad isteach sa seomra. Fuair siad an fear beag ramhar ina lui ar fhléasc a dhroma, ceangal na gcúig gcaol air agus é gan aithné gan urlabhra. Gadaí a bhí ann a bhí tár éis a lan airgid a ghoid. Do thug na Gárdaí an t-airgéad do na daoiné gur leo é, agus fuair Tomás bronntanas mór. Chéannaigh sé rothar bréa nua léis an tairgead sin. Tagann sé ar an rothar ar scoil gach aon lá agus Tá an-éad ag na buachailli eile leis. Tá Tomás an-sásta leis féin, ar ndóigh.

An Firín Sí

Dé Sáthairn seo caite chuaigh MáirtÍn amach go dtí a Uncal Liam. Bhí Seán ina cuideachta agus rothar beag bídeach aige NíI an rothar go ró-mhaith, ach ba chuma le Máirtín. Tá sé óg, agus tá sé láidir. Rud eile is maith leis dul amach ar cuairt go dtí Uncal Bill. Ghéibheann sé tae breá ann. Ghéibhéann sé subh agus mill; gheibeann sé torthaí nuair a bhíonn siad ar fáil, agus rud is fearr fós, gheibheann sé cúpla scilling i gcónaí. Tá feirm mhór ag Uncal Liam ag bun cnoic. De ghnáth bíonn na céadta caora aige. Is maith lw Máirtín dul suas ar an gcnoc le Uncal Bill agus leis an dá ghadhar atá aige chun na caora a bhailiú agus chun iad a chomhairéamh. Bhí an lá go breá gan bheith ró-the, agus bhí turas aoibhínn ag Máirtín amach go dtí an fheirm. Shroich sé an tigh timpeall a trí a chlog.

Ní raibh éinne istigh. Tá Uncal Liam ina chonaí leis féin, Tá fhios agat. Chuaigh Máirtín siar go cúl an tí. Ní raibh Uncal Liam le feiscint. Ní raibh aon imní ar Mháirtín mar Bhí fhios aige go mbéadh Uncal Liam ar an gcnoc ag tabhairt aire dos na caoirigh. Mar sin do thug an buachaill beag a aghaidh ar an gcnoc. Bhí ionadh air nuair nach bhfaca sé na caora mar ba ghnáth. Ní raibh caora le féiscint in aon áit. Tar éis tamaill chuala sé madra ag tafann agus ansan chonaic sé Uncal Liam ag teacht anuas ón gcnoc. Chuir Uncal Liam fáilte is fiche roimh an mbuachaill beag. Bhí áthas air é d'fhéiscint, ach ba léir do Máirtín go raibh brón ar a Uncal.

"Cá bhfuil na caora go léir?" arsa Máirtín. "Bhí na déora le súilé a Uncal. "Tá siad imithe, a Mháirtín," ar seisean. "Mí ó shin, d'imigh cuid acu. Lá ina dhiaidh sin d'imigh roinnt eile. Tar éis seachtaine, bhí a leath imithe. Le trí seachtain anuas, go mór mhór ins an oíche tá siad ag imeacht diaidh ar ndiaidh. Níl rian díobh le feiscint. Níl fhios agam ó thalamh an domhain cad a thárla dóibh." "Ar goideadh iad, nó ar maraíódh. "Níl fhios agam cad a thárla dóibh," arsa Uncal Liam arís. Tá siad imithe. Tá eagla orm gur thit siad isteach sa bhfarraige, cé gurbh ionadh liom é sin. Níor thit caora liom isteach sa bhfarraige le dhá bhliain anois." Ar inis tú an scéal do na Gárdaí?" arsa Máirtín. "D'inis mé," arsa Uncal Liam, ach ní rabhdar ábalta rian dena caoirigh a fhéiscint in aon áit. Is úfasach an scéal é. Ach na bíodh brón nó imní ort a mhic mo chroí. Téimis síos agus béidh cupán tae againn."

Chuaigh an bheirt acu síos go dtí an tigh agus bhí tae breá acu. Tár éis an tae dúirt Uncal Liam go raibh air dul isteach go dtí an tsráid bhaile chun rudaí a cheannach. Dúirt Máirtín go bhfanfadh sé ar an bhfeirm agus b'fhéidir go raghadh sé suas an gcnoc leis an dá mhadra. Bhí Uncal Liam sásta. Bhí fhios aige go

raibh ciall ag Máirtín, agus d'imigh sé leis. Nuair a Bhí Uncal Liam imithe d'imigh Máirtín suas an cnoc leis an dá mhadra ag cuardach na gcaorach arís, ach Go tobann baineadh preab as Máirtín. Cad á chonaic sé ag eirí ón bhfroach taobh thiar de charraig mhór ach madra rua mór. Chonaic an dá mhadra an madra rua ag an am gcéanna agus as go bráth leo ina dhiaidh. Rith Máirtín i ndiaidh na madrai. Do chas an madra rua soir agus síar. Chas na madraí soir agus síar ina dhiadh. Chas Máirtín soir agus síar I ndiaidh na madrai, ach tár éis tamaill tháinig tuirse ar Mháirtín agus d'imigh an madra rua agus na madraí as radharc.

Dfhill Máirtín ar an dtigh. Bhí sé ag siúl leis go mall gan suim aige in aon rud nuair a chonaic sé poll mór ins an gcnoc taobh thiar de charraig – saghas pluais a bhí ann. D'fhéach sé isteach. Chonaic sé an pluais ag dul isteach ins an sliabh. Bhí Máirtín fiosrach. Chuaigh sé isteach. D'fhéadfadh sé seasamh díreach ins an pluais. Ar aghaidh leis …… Shiúl sé agus shiúl sé agus shiúl sé, agus tar éis tamaill, chonaic sé solas ag teacht ón dtaobh eile. Chuaigh sé i dtreo an tsolais agus tháinig sé amach ar an dtaobh éile. Do leath a shúile air nuair d'fhéach sé ina thimpeall. Bhí sé ina sheasamh ar an dtaobh eile den sliabh a bhí ag éirí díréach beagnach ón bhfarraige. Bhí an cuan breá ciúin le féiscint thíos fé agus thart timpeall ar gach taobh dó. Bhí taobh an sléibhe ag leathadh amach, carraigreacha ins gach aon áit, ach rud a chuir iontas an domhain ar Máirtín, Bhí caoirigh ins gach áit, na céadta acu – na mílte acu. Is beag suim a Bhí ag Máirtín ins an radharc aoibhinn, nó fiú amháin ins na caoirigh, mar do chuala sé ceol bog binn a chuir aoibhneas ar a chroí – ceol iontach a bhí ann. Ar feadh tamaill ní raibh sé ábalta a dhéanamh amach cad as a tháinig an ceol go bhfaca sé an fear beag. Bríste a bhí air; caipín dearg; bróga fada iompaithe suas ag a mbárr. I lámh an fhirín seo do bhí feadó agus is ar an bhféadog a bhí sé ag seinim ceoil a bhí níos iontaí ná aon cheol a chuala Máirtín riamh.

D'éalaigh Máirtín i dtréo an fhirín. Sheas sé taobh thiar de. D'éist sé leis ar feadh tamaill fhada agus iontas an domhain air. Ansan do labhair sé. "Dia dhuit a fhirín," arsa Máirtín. "Is iontach an ceol é sín." Baineadh preabh as an bhfirín. Léim sé ina sheasamh. Thit an fheadóg as a lámh ar an gcarraig agus do briseadh I smidiriní é. Cuireadh iontas ar Mháirtín ach níor fhéad sé gan gáire a dhéanamh nuair a chonaic an fhéachaint ait a bhí in aghaidh an firín. Bhí úafás agus imní ins an fhéachaint sin.
Scread an firín in ard a chinn is a ghutha: "Mo fheadóg, mo fheadóg, Tá sé briste. Tá deireadh le mo chuid ceol sí. Anois raghaidh na caoirigh go léir le cnoc mar ní féidir lad a smachtú." Bhí an firín ag gol is na deora ag titim dá aghaidh.

Nuair a stad sé den cheol d'árdaigh gach caora a cheann agus ansan do thosnaigh an ruaille buaille agus

an gleó agus an fothram agus an troid – caoirigh ag rith is ag léimnigh, caoirigh ag troid is a síor-chasadh, caoirigh ag titim lé faill isteach sa bhfarraige, caoirigh ag iarradh rith suas go dtí bárr an tsléibhé.
Agus le linn an ama sin bhí an firín beag ag glaoch: “Ó mo chuid chaorach, marófar gach aon cheann acu; marófar mé féin; Táim caillte. Mo fheadóg, mo fheadóg; cad a dhéanfaidh mé gan feadóg?” D’fhéach Máirtín air. Bhí trua aige dó anois. Chuir sé a lámh ina phóca. Thóg sé amach an fheadóg stáin a bhí aige sa scoil. D’fhéach sé air d’fhéach sé ar an bhfirín. “ Féach, a fhirín,” ar seisean. “An mbéadh aon mhaitheas ins an bhfeadóg seo.”

Nuair a chonaic an firín an fheadóg I láimh Mháirtín, do léim sé seacht bpéirsé suas san aer agus nuair a tháiníg sé chun talamh do rug sé ar an bhféadog; chuir sé ina bhéal é; thosnaigh sé ag seinim.
Gnáth-fhéadog a bhí ann a bhí briste in áiteanna ach nuair a thosnaigh an firín á seinnim thainíg uaidh ceol iontach sí – ceol a chuirfeadh an domhan ina shuan. Agus chuir an ceol bog aoibhínn draíocht agus cuir sé na caoirigh ina suan. Stadadh den troid, stadadh den rith, stadadh den léimnigh. Bhí ciúnas arís ar thaobh an tsléibhe agus thosnaigh gach aon chaora ag iníor arís ar a shuaimhneas. Lean an ceol bog agus binn agus iontach I gcónaí ag an firín sí. Bhuail smaoineamh Máirtín cad as a dtáinig na caoirigh go léir? Bhí túairim mhaith aige. Bhí Máirtín den túairim gur ghoid an firín caoirigh a Uncal Liam. Bhéadh seans aige iad d’fháil ar ais arís. D’éalaigh sé I dtreo an fhirín arís, agus do thóg sé an fheadóg as a bhéal.

Do léim an firín arís seacht bpéirsé san aer. Tháinig na deora lena shúlibh. Tháinig an fhéachaint úafásach brónach ina aghaidh agus ag an am gcéanna do thosnaigh an ruaille buille agus an troid arís ar thaobh an tsléibhe – caoirigh ag rith anseo agus ansúd, caoirigh ag léimnigh, caoirigh ag sleamhnú; caoirigh ag titim isteach sa bhfarraige. Agus an firín ag liúraigh “Marófar iad; marófar gach aon cheann acu; marófar mé féin. Cad a dhéanfaidh mé gan ceol. Tabhair dom an fheadóg; Tabhair dom an fheadóg; Tabhair dom an fheadóg,” ar seisean. “Tábharfaidh mé arsa Máirtín agus fágfaidh mé agait é ar choinníoll amháin.” “Agus cad é an choinníoll í sin arsa an firín?”

“Go dtabharfaidh tú ar ais do mo Uncal Liam,” arsa Máirtín na caoirigh do ghoid tú uaidh.” Féach,” ar seisean, “ féach amach ar an gcaora sin L.O.M. Liam Ó Méara. Is le m’uncal Liam é sin.
“is leis arsa an firín, agus tábharfaidh mé dó iad.” Tabharfaidh tú gach chaora a ghoid tú uaidh?” arsa Máirtín. “Tabharfaidh mé agus fáilte,” arsan firín. Tabharfaidh mé iad go léir dó.” Conas a ghoid tú iad?” arsa Máirtín. “Leis an gceol sí,” arsan firín, agus leis an gceol sí a threoródh mé thar n-ais iad. Brostaigh

ort."

Thosaigh sé ag seinnim arís agus léim sé ina sheasamh agus shiúil sé i dtreo a phluaise. Shiúil Máirtín ina dhiaidh agus shiúil na céadta is na céadta chaora i ndiaidh na beirte – iad a siúl mar a bheadh saighdiúirí. Ar aghaidh leis an mbéirt agus ar aghaidh leis na caoirigh. Isteach sa phluais leo amach ar an dtaobh eile. Sheas an firín ar thaobh amháin den phluais. Sheas Máirtín ar an dtaobh eile. Stad an firín neomat.
"Anois, a Mháirtín," ar seisean. "comhairigh iad." Comhairigh Máirtín na caora.

Bhí fhios aige go raibh ós cionn dhá chéad caoirigh ar a laghad ag Uncal Liam, agus do bhéadh sé sásta da mbéadh an dá chéad ann, ach Bhí i bhfad níos mó. Tháinig siad chun stada ina gceann agus ina gceann amach tríd an bpluais agus ar fhéirm Uncal Liam….. dhá chéad….. trí céad…. Ceithre céad….. cúig céad. Bhí Máirtín ag eirí imníoch anois. Bhí fhios aige go raibh an iomarca caorach ann. Labhair sé.
A fhirín," ar seisean, "Tá an iomarca ann anois. Ní dóigh liom go raibh ós cionn dhá chéad ag Uncal Liam.
"Is cuma arsan firín. Táim sásta anois an fheadóg iontach seo a bheith agam," ar seisean, "agus tabharfaidh mé duitse agus dod' Uncal Liam a dtiocfaidh tríd an bpluais seo. Beidh mó dhóthain agam ina dhiaidh." Míle caora a tháinig tríd an bpluais. Stadadh den cheol.

"An bhfuil tú sásta anois?" arsan firín. Táim thar bheith sásta," arsa Máirtín. "Gura mílé maith agat. Cad a dhéanfaidh tú anois?" Do léim an firín séacht bpéirsé san aer. Tháinig sé anuas taobh thiar de charraig agus d'imigh as radharc. Do rith Máirtín taobh thiar den charraig féachaint an raibh sé ann. Ní raibh radharc de le fáil agus nuar a tháinig Máirtín ar ais chun marc a chur taobh amuigh den bpluais, I dtreo go bhféadfadh sé í d'aimsíu arís, bhí an pluais imithe. Ní raibh rian de le feiscint. Ní raibh poll fiú le feiscint insan áit. Bhí sé cinnte ansan gur a bhrionglóidigh a bhí sé go dtí gur iompaigh sé timpeall agus go bhfaca sé na caoirigh i ngach aon áit, ar thaobh an tsléibhe, agus ag an am céanna do chuala madraí ag tafann agus iad ag teacht chuige.

Do rith Máirtín síos go dtí a Uncal. Do bhí iontas ar Liam. "Cad as a dtáiníg na caoirigh?'' Cé fuair iad?'' a lán acu ní raibh marc ar bith orthu, D'inis Máirtín an scéal dó. Bhí iontas ar Uncal Liam Ní fhéadfadh sé é a chreidiúint. Ní chreidfeadh sé ach amháin go raibh na caoirigh le feiscint go soiléir ós comhair a shúile. Chuaigh siad beirt síos go dtí an tigh agus lean na madraí iad gan focal as an mbeirt agus gan gíog as na madraí. Níor chaill Uncal Liam caora ina dhiaidh sín. Go deimhin is minic a bhíodh caora breá aige agus gan fhios dó cad as a dtáinig siad. Cheannaigh sé rothar breá do Mháirtín. Chéannaigh sé capaillín ag an

t-am chéanna agus bíonn spórt mór ag Máirtín ar an bhfeirm. Agus rud is iontáí fós, tá Uncal Liam tar éis a lán airgid d'fágaint ag Máirtín chun cabhrú lena athair agus lena mháthair lena dhéartháiréacha agus lena dhéirfiúracha sa bhaile. Ní fheicfidh Máirtín nó a athair nó a mháthair nó a dhéartháiréacha nó a dhéirfiúracha lá bocht go deo arís.

An Helicopter Iontach - le Brian Óg

Bhí Seán Ó Riain ag siúl ar bhruach na habhan lá. Tháinig sé go dtí an sean droichead adhmaid a bhí ag dul isteach go dtí an oileán a bhí I lár an abhainn. Shiúl sé isteach san oileán agus luí sé síos ar an bhféar bog. Bhí an lá an te agus níorbh fhada gur thit Seán ina codladh. I gan fhios do Sheán bhí an tuisce ag éirí mar thit a lán uisce an oiche roimh ré. Deirigh an t-uisce go raibh sé níos airde ná an droichead. Bhí an droichead aosta. Bhí an sruth láidir agus I ndeireadh na dála réab an sruth an droichead chun siúl.

Deirigh an tuisce níos airde fós.Tháinig sé isteach ar an an oileán agus ba ghearr go raibh uisce timpeall ar Sheán. Mhothaigh sé fuacht an uisce, Dhúisigh sé de phreab. Léim sé ina sheasamh, agus is beag nár thit sé I bhfanntais nuair a chonaic sé an t-uisce timpeall air agus an sean droichead imithe. Bhí a fhios aige go raibh sé I mbaol a báite. Thosnaigh sé ag léimneach agus ag lúireach in árd a chinn is a gutha, agus eagla an domhain air. Bhí Dónaill Ó Briain ag siúl amach an bóthar. Stad sé ag an droichead le féachaint isteach san abhann. Go tobann chuala sé duine éigin ag lúireach. Dféach sé síos uaidh, agus is beag nár thit sé as a sheasamh nuair a chonaic sé an buachaill óg I lár an oileán a bhí anois faoi uisce. Bhí an buachaill ag léimneach agus ag liúreach, agus a fhios ag Dónall go raibh sé I mbaol a bháite.

Rith sé síos an bruach go dtí go raibh sé ar aghaidh an oiléain amach. Bhí an t-uiscé ag eirí i gconaí. Cheana féin bhí sé suas go dtí glúine an bhuacalla. Dhein Dónall a mhacnamh tamaill. Ansin bhuail smaoinéamh é. "Béidh mé ar ais, a Shéain," ar seisean. Ná biodh aon eagla ort," agus dimig sé suas an bruach ar nós na gaoithe. Léim sé amach ar an mbóthar agus rith sé isteach go dtí an baile mór. Rith sé suas so dtí siopa Seáinín Buí. Rith sé an doras istéach. " A Shéain," ar seisean, "ceannóidh mé an

hélicopter sín atá san fuinneog agat," asus caith sé leathcoróin ar an gcúntar. "Brostáig ort, más é do thoil é." Thóg Seán an helicopter beag amach as an bhfuinnéog, agus thug sé do Dhónail é. Dhá scilling a bhi air. Thug an siopadóir sé phingin sóinseáil don bhuachaill. Chuir Dónall an helicopter faoina ascaill. Rith sé suas an bóthar go dti garaisté Uí Riain, Cheannaig sé buidéal beag petrol ar sé phingin.

Chuir sé an petrol isteach sa helicopter. Chas sé an roth, agus i gcéann nóiméid bhi an t-inneall ag obair. Léim Séan istéach. Gr-r-r-r arsa an t-inneall, asus suas díreach san aér leis an helicopter I gceann nóiméid bhí Dónall ós cionn an oileáin. Bhí sé ar tí teacht anuas nuair a cuimnigh sé nach raibh aon rópa aige. “Tanam an diabhal," ar seisean, "caitfidh mé rópa a fháil." Ar ais léis go tapaidh go dtí an scoil. Tháinig sé anuas I gclós na scoile. Bhí a fhios aige go raibh rópa istigh i seomra a ranga. Léim sé isteach an fhuinneóg. Rug sé ar an rópa. Rith sé amach an fhuinneóg arís. Léim sé istéach ina a helicopter. Suas san aer diréach léis agus amach so dtí an t-oileán. Stad sé díreach os cionn an oiléain asus tháinig sé anuas díreach...anuas...anuas..go dtí go raibh sé direach ós cionn Sheáin. Ansin lig sé an rópa síos. Rug Seán greim an fhir bháite ar an rópa agus rith sé suas ar nós moncaí.

Chuir Donall a lámh amach. Rug sé ar gruaig Shéan agus tharraing sé isteach sa helicopter é. Suas léis san aér arís, agus ba ghearr gur thúirling síad i gceartlár an bhailé mhóir."Gura míle maith agat," arsa Seán. "Chéap mé so raibh deireadh liom."Tá fáilte romhat," arsa Donall. Tá a fhios agam go ndéanfá an rud céanna dá mbeadh misé i mbaoil." "Téanam ort," arsa Seán. "Táimid in am do na pictiuir agairgead agam."

Ceangal Donal an helicopter do na raillí iarainn. Ansin d'imig sé féin asus Seán suas to dti an pictiúrlann. Cheannaig Seán an ticéad. Ansin cheannaigh sé mála mór milséan. Chuaigh an bheirt acu isteach. Shuigh siad síos ar a sháimhín só. D'ith said na milséain agus bhain siad taitneamh an domhain as na pictiúir.

Lios Na Sí

Bhí Colm agus Nóirín ag rith abhaile ón scoil. Bhí áthas an domhain orthu. Agus ní ionadh sín, mar Bhí laéthanntá saoire an tsamhraidh acu. Ar aghaidh leo, iad ag rith agus ag rás; iad ag canadh agus ag caitheamh a gcos. Go tobann d'imigh an t-áthas, agus thit scamall dubh an bhróin anuas orthu. Bhí siad tar éis smaoineamh ar Dhaid bocht a Bhí sínté sa leaba sa bhailé, agus cos léis briste. Bhéadh air fanacht ina luí sa leaba go ceann sé seachtaine. Ach ní raibh aon bhrón ar Dhaid. Bhí áthas an domhain air na páistí a fhéicéail. Agus nuair a chonaic Colm agus Nóirín go raibh áthas ar Dhaid, thainíg áthas orthu arís; agus dúirt siad lé Daid go mbéadh siad go h-ana mhaith i rith na saoire, agus go ndéanfadh siad an obair go léir. Agus rinné siad a lan oibre. Rinné Colm obair na feirme. Thugadh sé aire dona ba, agus crúdh sé iad. Agus dheineadh Nóirín a lan oibré sa chistin. Bhíodh sí i gconaí ag cabhrú lé Mamai.

Tá lios mór in aice le teach na bpáistí. Lios na Sí an t-ainm a tá air. Tá a lán adhmaid lofa agus cipiní lofa sa lios. Tráthnóna amháin shocraigh na páistí go rachadh siad go dtí an Lios chun cipiní a fháil chun an tine a lasadh. Thug siad téad leo; agus thug Colm bogha agus saighead leis. Bhí madra rua gránna sa cheantar. B'fhéidir go bhféadfadh leo an madra rua gránna a mharú.

Go tobann, feiceann Colm an madra rua gránna faoi chrann. Féiceann an madra rua gránna Colm, agus ritheann sé isteach sa Lios. Ach tá sé ró dhéanach. Ardaíonn Colm an bogha. Aimsíonn sé. Scaoileann sé; agus titeann an madra rua gránna faoi chrann. Ritheann Colm agus Nóirín isteach sa lios; agus Tá idir ionadh agus áthas orthu nuair a fheiceann siad an madra rua mór ina luí ar an tálamh, agus gan cor as.

Bhailigh an bheirt beart mór cipiní. Cheangail siad iad; agus bhí siad ar ti téacht abhaile nuair a baineadh preab astu. Chuala siad glór lag íseal. D'éist siad. Chuala siad arís é. "Cabhair! Cabhair! Cabhair!" D'fhéach siad i ngach áit. D'fhéach siad siar. D'fhéach siad soir. D'fhéach siad o thuaidh agus d'fhéach siad o dheas. Agus ansin d'fhéach siad in airde. Agus is beag nár thit siad as a seasamh nuair a chonaic siad firín beag bídeach, agus é i bhfástó i gcrann árd, agus é ag glaoch "Cabhair! Cabhair! Cabhair! in ard a chinn is a gutha. Chuaigh na páistí in áirde ar an gcrann. Rug siad ar an bhfirín go cúramach, agus thug siad anuas go talamh é. Leipreachán a bhí ann. Bhí cos leis briste, agus bhí sé ag gol go bog dó féin. Is amhalidh a bí sé ag éaló ón madra rua gránna. Rith sé suas sa chrann. Shleamhnaigh sé; agus bhris sé

cos leis. Diarr an léipréachan ar na páistí sínteóir a dhéanamh dó. Dhein siad sugáin dén bhféar árd láidir. Fuair siad dhá bhata fada, agus ba ghrearr go raibh sínteoir deas acu. Chuir siad an leipreachan air agus d'iompair siad isteach san bhféar árd é. Isteach trid na crainn leo, agus threoraigh an léipréachan iad go dtí poll mór a bhí ar thaobh an léasa. D'iompair siad an léipréachan isteach ins an bpoll. Ba ghearr go raibh siad istigh i seomra mór cruinn. Bhí solas iontach ag teacht o na céadta lampai a bhí sa síleáil. Bhí bord mór le feiceáil. Bhí na páistí ag féachaint ar an seomra a bhí sa lios. Bhí bord beag I lár an urláir; agus bhí cathaoiréacha beaga timpeall air. Bhí dóirse beaga bídéacha sa bhalla cruinn timpeall an tseomra; agus bhí uimhir ar gach doras. Thréoraigh an léipréachán na páistí go dtí uimhir a 13.

Bhí an doras beag bídéach ar oscailt. Chuaigh said istéach. Seomra beag gleoité a bhí ann. Bhí Leapa beag bhog taobh léis an mballa. Bhí bord beag I gcúinné, agus lampa beag air. Bhí bord beag eile ann agus báisín agus crúiscín air. Chuir an bhéirt pháisté an léipréachán ina luí ar an Leapa go cúramach. "Gura maith agaibh,'' arsan léipréachán. Ansin chuir sé a lámh ina phóca agus thóg sé amach feadóg bheag. Thug sé do Cholm í. "Téigh amach,'' ar seisean lé Colm. Séinn trí nótáí ar an bhféadóg seo: "d m s".

Tiocfaidh an Capall Bán chun tú a thabhairt go dtí Lios na Laoch, chun an Dochtúir Sí a fháil. Nuair a shroichfidh tú an Lios sein céithre nótáí: "d m s d". Tiocfaidh an Dochtúir Sí chugat. Chuaigh Colm agus Nóirín amach go dtí taobh an léasa. Sheinn Colm na trí nótáí; agus ar an bpointé chonaic sé capall beag bán ag rith anuas taobh an chnoic chuige ar nós na gaoithé. Stad an capall taobh leo. Léim siad suas ar a mhuin, agus as go brách leo trasna na bpáircéanna ar nós na gaoithé. Ba ghéarr gur shroich siad Lios na Laoch. Stad an capall bán i lár an léasa. Shéinn Colm na ceithre nótáí; agus ar an bpointé bhí an Dochtúir Sí ag rith aníos taobh an léasa chucu, agus mála beag dubh ina láimh aige.

Léim an Dochtúir Sí suas ar mhuin an chapaill; agus as go brách leo treasna na bpáircéanna ar nós gaoithé. Ba ghearr go raibh siad i seomra an léipréacháin. Thóg an Dochtúir Sí buidéal beag as an mála. Thóg sé stuif éigin as. Chimil sé dé chos an léipréacháin é; agus ar an bpointé bhí an chos leigheasta. Ansin thóg an leipréachán próca óir as an gcófra.

"Anois'' ar seisean lé Colm, "bíodh do rogha agaibh. Ciocu is féarr libh: próca óir nó guí?'' "Guí,'' arsa Colm agus é ag féachaint ar Nóirín, "Guí,'' arsa Nóirín agus í ag féachaint ar Cholm. "Agus cad é an guí?'' arsan léipréachán. "Ba mhaith linn go dtíocfadh an Dochtúir Sí linn.'' arsan bhéirt, chun Daidí a léighéas.''

“Maith síbh,’’ arsan Dochtúir Sí. Is maith na páistí síbh. Rachaidh mé libh lé fonn. Ba ghéarr go raibh siad i seomra Daidí.
Chimil an Dochtúir Sí an stuif as an mbuidéal dé chos Dhaidí; agus ar an bpointe, bhí an chos leigheasta. Léim sé as an Leapa. Rug sé greim ar Mhamaí agus thosaigh sé ag rince. Ansin thosaigh Colm agus Nóirín ag rince; agus thosaigh an Dochtúir Sí ag seinnt dóibh ar fhéadóg bheag. Ansin thóg an Dochtúir Sí dhá phróca as a phóca.

Thug sé ceann amháin do Nóirín, agus thug sé an ceann eile do Cholm. “Tá síbh go híontach,’’ ar seisean. Tá síbh misníúil, agus tá síbh cinéáltá. Tá bronntanas maith tuillte agaibh.’’Ansin bhí béile breá ag an gcúigear acu; agus bhí gach duiné sona sástá. Ansin léim an Dochtúir Sí ar mhuin an chapaill bháin; ach sul ar imigh sé thug sé féadóg bheag do Cholm. “Seo dhuit, a Choilm’’ má bhíonn tú í mbaol seinn na trí nótaí uirthi. Tiocfaidh an capall bán cun cabhrú leat. Chroith sé lámh chucu agus as go brách leis treasna na páirceanna ar nós na gaoithe

An Leanbh Sa Bhosca

Tráthnóna amháin chuaigh Seán Ó Néill agus a dheirfiúr Cáit amach ag siúl. Tháinig siad chomh fada leis an droichead atá thar an abhainn agus d'fhéach siad síos ar an sruth. Bhí tuile san abhainn agus bhí píosaí adhmaid agus salachair ag dul síos le sruth. D'fhéach an bheirt suas uathu, agus cad a bhí ag teacht aníos le sruth ach bosca mór.

''Féach ar an mbosca mór!'' arsa Cáit. ''Feicim é,'' arsa Seán. ''Cad atá ann?''D'fhéach siad go géar ar an mbosca agus é ag teacht chucu leis an sruth. Tháinig sé díreach fúthu. Is béag nár thit siad as a seasamh isteach san abhainn nuair a chonaic siad leanbh óg, é ina luí sa bhosca, agus é ina shámh-chodladh.
D'imigh an bosca as amharc faoin droichead. Léim na páistí síos, agus rith siad go dtí an taobh eile. Léim siad suas ar an bhfalla, agus i gceann tamaillín tháinig an bosca amach arís ón droichead agus síos leis an sruth, an leanbh istigh ann agus é ina chodladh go sámh.

''Ó,'' arsa Cáit, ''báifear é.'' 'Ní bháifear é,'' arsa Seán. ''Marófar ag an eas é.'' Cad a dhéanfaimid?'' D'fhéach na páistí timpeall, eagla an domhain orthu. Bhí an tuisce doimhin. Bhí an bosca i lár na habhann. Ní raibh snámh ag aon duine acu. Ní raibh aon duine in aice leo. Cad a dhéanfaidís?
''Rith síos an abhainn, a Chait,'' arsa Seán. Coimeád do shúil ar an mbosca. Beidh mé leat i gceann cúpla nóiméad.'' Léim sé síos ar an mbóthar agus abhaile leis ar nós na gaoithe.

Bhí teach Sheáin ar thaobh an bhóthair, ceathrú mhíle ón abhainn. Rop sé isteach an doras. Ní raibh aon duine istigh. Bhí Maimí ag obair in áit éigin amuigh. Ní raibh fhios aige cá raibh Daidí; ach fuair sé a raibh uaidh – slat iascaigh a bhí taobh thiar den doras. Rug sé greim ar an tslat, agus amach an doras leis
Ar ais go dtí an abhainn leis ar nós na gaoithe. Tháinig sé go dtí an droichead agus chonaic sé Cáit i bhfad uaidh síos agus í ag croitheadh a lámh san aer. Síos leis ar nós na gaoithe arís. Tháinig sé chomh fada le Cáit. Bhí an bosca i lár na habhann fós agus é ar snámh síos leis an sruth.

Ní raibh nóiméad le spáráil. Bhí an t-eas céad slat uathu.''Marófar an páiste beag bocht ag an eas arsa Cáit.''Ní raibh Seán ag éisteacht léi. Bhí sé ag obair ar an tslat. Tharraing sé amach an líne. Lúb sé an tslat siar, agus chaith sé an duán amach. Thit sé san uisce. Bhí sé róghearr. Chaith sé arís é. Thit sé san uisce athuair. Bhí sé rófhada. Bhí siad anois in aice leis an eas. Chaith Seán arís. An t-am seo chuaigh an duán i bhfostó sa bhosca. Tharraing sé go mall cúramach ar eagla go n-iompódh sé an bosca.

Tharraing sé go mall. Tharraing sé go cúramach isteach.....isteach isteach. Ar deireadh bhí an bosca ar an bport. Chrom Seán síos agus thóg sé an leanbh amach as an mbosca. Dhúisigh sé. Thosaigh sé ag liúirigh. Thosaigh Cáit ag amhránaíocht. Chan sí amhrán deas bog binn dó. Thit an leanbh ina chodladh arís i mbaclain Seán. Abhaile leis an mbeirt acu. Bhí Mamaí istigh nuair a shroich siad an teach. ‘’Féach, a Mhaimí,’’ arsa Cáit, ‘’cad a fuaireamar.’’ ‘’Fuaireamar páiste,’’ arsa Seán, ‘’San abhainn! I mbosca.’’‘’Cad atá á rá agat?’’ arsa Mamaí. ‘’Fuaireamar páiste,’’ arsa an bheirt le chéile, ‘’istigh i mbosca in aice leis an eas.’’

D’éirigh Mamaí crosta. ‘’Ná bí ag iarraidh bob a bhualadh orm,’’ ar sise. ‘’An ag magadh atá sibh?’’‘’Nílimid ag iarraidh bob a bhualadh ort,’’ arsa Seán agus Cáit le chéile. ‘’Fuaireamar an leanbh san abhainn.’’ ‘’I mbosca,’’ arsa Cáit. ‘’Agus é ina chodladh,’’ arsa Seán.‘’Ní thuigim an scéal in aon chor arsa Mamaí,’’ agus í níos crosta ná mar a bhí riamh. ‘’Cá bhfuair sibh an leanbh?’’

Ar an nóiméad sin tháinig Daidí isteach. ‘’Cad atá ar siúl agaibh in ainm Dé?’’ ar seisean, ‘’agus cá bhfuair sibh an páiste?’’ D’inis na páistí an scéal dó. ‘’Tuigim an scéal arsa Daidí. ‘’Tuigim an scéal. Buíochas mór le Dia. Bhíos ag éisteacht leis an Raidió i dtigh an Rianaigh leathuair an chloig ó shin. Bhí fógra ansin gur cailleadh leanbh cúpla míle suas an abhainn i lár an lae. Fuarthas amach go raibh bosca mór imithe. Cheap gach duine gur chuir an leanbh an bosca san abhainn, gur chuaigh sé isteach ann agus gur báitheadh é.’’ Rith Daidí síos go dtí an bheairic, agus, ceart go leor, bhí an scéal ag na Gárdaí. Cuireadh fios ar athair agus ar mháthair an pháiste. Tháinig siad. Bhí Pádraig Ó Briain agus a bhean go ríméadach nuair a chonaic siad a pheata, Pádraig Óg, agus é ina chodladh go sámh istigh in aice leis an tine i dtigh Sheáin agus Chait. Thug siad abhaile é, ach thug siad cúig punt do Cháit agus thug siad cúig punt do Sheán. Ní ghá a rá go bhfuil Cáit agus Seán an-sásta leo féin. Tá cúig punt an duine acu. Sea, agus tá gach duine sa scoil in éad leo. Bíonn orthu an scéal a insint fiche uair sa ló; agus deirim leat nach mbaineann siad pioc de.

Bullaí Bill agus Beini Beag

Fuair Beini Beag bosca mór. Fuair sé bata fada.
Chuir sé an bata fada isteach ins an mbosca mór. Tharraing sé an bosca go dtí an abhainn.
Chuir sé an bosca ar snámh ar an abhainn. Léim sé isteach.
Chuir sé an bosca síos suas ar an abhainn. Bhí sport aige.
Bhi sé lánsásta leis féin. Tháinig Bullaí Bill.
Chonaic sé Beiní sa bhosca. “Ha Ha arsa Bullaí Bill”

Beidh sport agamsa. Tar amach as sin.
Tháinig Beiní Beag amach.
Léim Bullaí Bill isteach sa bhosca.
Ach bhí an dian lag! Agus thit Bullaí Bill síos tríd. Thit Bullaí Bill isteach san uisce.
Bhí sé fliuch báite. Bhí Bullaí Bill ar buile.
Bhí Beiní Beag ag gáire.

Bullaí Bill agus Beini Beag An Campa

Rinne Beiní beag campa ar chúl an tí Chuir sé cleití móra breatha air.
Chuir sé doras dearg air.
Chruinnigh sé féar tirim. Chruinnigh sé cleití beaga bog. Rinne sé leaba dheas bhog. Bhí sport aige sa champa. Tháinig Bullaí Bill.
Beidh sport agamsa arsa Bullaí Bill Tar amach ar seisean le Beiní Beag.
Thainig Beiní Beag amach.
Rith Bullaí Bill go dtí an champa
Léim sé anuas ar an gcampa agus bhris sé i. Bhí Bullaí Bill ag gáire.
Ach Bhí plean ag Beiní Beag.
Rinne sé campa eile ar cúl an tí in áit eile ar fad. Bhí sé go hálainn.
Tháinig Bullaí Billl. Bhí Beiní ag doras an champa. Tar amach as sin arsa Bullai Bill beidh sport agamsa.
Tháinig Beiní Beag amach,
Rith Bullaí Bill go dtí an campa agus léim sé anuas air.
Bhris sé an campa agus thit sé síos tríd.
Thit sé isteach I bpoll a bhí lán duisce salach. Bhí sé ar buille agus é báite leis an uisce salach. Bhí Beiní Beag ag gáire agus é an sásta leis féin.

Bullaí Bill agus Beiní Beag An Lorry Beag

Fuair Beiní beag bosca mór íseal.
Fuair sé ceithre rotha.
Chuir sé na rotha faoin mbosca.
Rinne sé leoraí deas.
Tharraing sé an leoraí suas go barr an chnoic.
Shuigh sé isteach sa leoraí.
Rith an leoraí síos an cnoc. Bhí sport mór aige.
Tharraing sé an leoraí suas arís.
Sheas sé isteach ann. Rith sé síos an cnoc.
Tharraing sé an leoraí suas arís.
Shuigh sé síos ann. Rith sé síos an cnoc arís. Bhí sport aige.
Tháinig Bullaí Bill. Chonaic sé an leoraí.
Tar amach as sinn arsa Bullaí Bill. Beidh sport agamsa leis an leoraí sin.
Tháinig Beiní Beag amach.
Bhí plean ag Beiní Beag.
Doscail sé scriú I roth amháin den leoraí
Tharraing Bullaí Bill an leoraí suas an cnoc. Shuigh sé isteach ann.
Rith sé síos an cnoc go tapaidh. Bhí spórt mór aige.
Go tobann thit an roth nach raibh scriú air.
Diompaigh an leoraí bun ós cionn.
Thit Bullaí Bill isteach I lochán mór uisce.
Bhí sé báite. Bhí sé ar buile.
Bhí Beiní Beag ag gáire.

An Bosca San Abhainn

Fuair Beiní Beag bosca mór. Fuir sé bata fada.
Chuir sé an bata fada isteach sa bhosca mór. Tharraing sé an bosca go dtí an abhainn.
Chuir sé an bosca ar snámh ar an abhainn.
Léim sé isteach.
Chuir sé an bosca síos suas an abhainn cosúil le bád. Bhí sport aige. Bhí sé lán sásta leis féin.
Tháinig Bullaí Bill.
Chonaic sé Beiní Beag sa bhosca.
Ha Ha arsa Bullaí Bill beidh spórt agamsa. Tar amach as sin.
Tháinig Beiní Beag amach.
Léim Bullaí Bill isteach sa bhosca. Ach bhí an dian lag.
Thit Bullaí Bill isteach tríd agus isteach san uisce. Bhí sé fliuch báite.
Bhí Bullaí Bill ar buile. Bhí Beiní Beag ag gáire.

Bullaí Bill agus Beiní Beag An Barrra Seacláide

Cheannaigh Beiní Beag barra seacláide. Bhí sé go deas.
Tháinig Bullaí Bill agus chonaic sé Beiní. Ní raibh ach leath den barra ite ag Beiní.
Is maith liom seacláid arsa Bullaí Bill.
Sciob sé de Bheiní an leath barra a bhí fágtha aige agus dith sé é.

Ach bhí plean ag Beiní Beag.
An lá ina dhiaidh sin cheannaidh sé barra seacláide eile. Dith sé a leath agus chruinnigh sé an leath eile ina láimh.
Tháinig Bullaí Bill.
“Ó ar seisean is maith liom seacláid.
Sciob sé an seacláid a bhí I láimh Beiní agus chuir sé ina bhéal é.
Ó ah ar seisean agus chaith sé an seacláid ar an dtalamh agus é ar buile.
Bhí Beiní beag tar éis an leathh sin a líonadh le piobar le salannn agus rudaí eile gránna.

.

An Gleann a Bhí Caillte

Maidin breá Earraigh a bhí ann nuair a thug Tomás Ó Cleirigh agus a dheirfiúr Síle a n-aighthe ar an bportach a bhí in aice lena dtigh. Bhí a n-asal beag liath acu, agus istigh sa charr bhí sleán nua; agus píce agus sluasad agus ramhann agus bhí carra sleamhan gleoite acu a dhein Tomás chun an mhóin d'iompar amach ón bportach.

Buachaill láidir aicillí dob ea Tomás, timpeall 15 bliana d'aois. Bhí Síle bliain níos óige ná é, agus cailín cineálta, dathúil do bhí inti. Bhí an bheirt acu ciúin, ciúin agus brónach an mhaidin bhreá. Earraigh sin. Ní hamhalidh do bhí fuath acu don obair rompu. Ní hea. Ba chuma leo obair d'aon tsaghas, mar páistí an brón a bhí orthu ná n-athair a bheith sínte tinn sa leabaidh; a mháthair a bheith ag obair gan stad ó mhaidin go hoíche; agus airgead agus bia a bheith gann.

Ráithe a bhí an t-athair ina luí. Agus mar bharr ar an donas, tháinig mí-ádh ar an bhfeirm le linn an am chéanna. Cailleadh bó; theip ar na barraí; agus de réir dealraimh, ba ghearr go mbeadh ocras orthu go léir.
Bhuel, shocraigh Tomás agus Síle ar phlean chun an crus-chás ina rabhdar a réiteach. Bhí móin daor. Ar an dtaobh thiar dá bhfeirm bhí portach breá, a raibh móin mhaith dhubh ann. Bhainfeadh siad beirt an mhóin. Is minic a chabhraigh siad lena n-athair sa phortach roimhe sin. Dhíolfadh siad sa mbaile mór í, agus dhéanfadh siad cuid mhaith airgid. Bheadh siad i ndon cíos na feirme a dhíol, agus bia a cheannach dá n- athair is dá máthair.

Ar aghaidh leo, iad ag smaoineamh ar a dtuismitheoirí a bhí go brónach sa mbaile, agus gan focal as ceachtar acu. D'fhéach Tomás suas ar bharr Sléibhe mhóir, a bhí ag éirí go spéir míle uathu theas. Bhí ceo éadrom ar bharr an tsléibhe. Ba chomhartha é sin go raibh an aimsear bhreá tagtha.

Shroich siad an portach, nach raibh ach leath mhíle óna dtigh agus luigh said isteach ar an obair. Ba ghearr go raibh an barr-fhód bainte acu; agus ansan thosnaigh siad ar na fódanna a bhaint. Seán a bhí ag oibriú an tsleáin. Bheireadh Síle ar na fódanna agus chuireadh sí anuas ar an gearra sleamhain iad. Nuair bheadh sé sin lán, thiomáineadh siad an t-asal agus an carra sleamhan amach ón portach, agus leathadh siad na fódanna le tiormú ar an bpáirc lom.
(Carra sleamhain: Sin carr a shleamhnaíonn ar an dtalamh. Ní bhíonn aon rotha faoi.

An Bosca sa Portach

Lean an pháiste den obair go ceann trí mhí, gan stad gan staonadh, ach amháin nuair a bhíodh na béilí á n-ithe acu. Bhíodh siad ina suí le h-éirí gréine, agus bhíodh an dorchadas ag titim agus iad as dul abhaile, tuirseach traochta. Agus mise fé go mbíodh an t-asal beag liath tuirseach traochta leis.

Bhí an aimsear go hálainn agus bhí sé an-éasca an mhóin a shábháil. Ba ghearr go rabhdar sásta leis an móin a bhí acu. D'imigh na míosa, agus bhí deire an tséasúir tagtha. Bhí £50 faighte ag an mbeirt as an móin a bhí díolta acu; agus bhí dhá chruaich mhóra le díol acu fós. Dhéanfadh an dá chruaich sin £50 eile; agus bheadh an líontí slán go ceann bliana eile.

An Satharn a bhí ann, i dtús Lughnasa, agus bhí an bheirt pháiste ag baint ar a ndicheall chun an píosa a bhí á bhaint dóibh féin a chríochnú roimh titim na hoíche. Bhí Tomás ag teacht ar an ngairbhéal a bhí as bun an phoill phortaigh nuair sháith sé an sleán isteach i rud éigin chruaidh. Píosa de chrann a bhí ann, cheap sé; ach nuair ghlan sé é, tháinig ionadh an domhain air a fheiscint gur bosca beag adhmaid a bhí ann, agus glas air.

D'ardaigh sé é, agus é ar cipíní cad a bhí istigh ann d'fheiscint. Bhí Síle ina suí ar fhód móna agus a súile ag léimrigh ina ceann.

"Ó, oscail é go tapaidh, a Thomáis," ar sise. "Ór atá ann, nó péarlaí. Tá ár bhfortún déanta againn. Beidh neart airgid againn anois."

Ní dúirt Tomás focal. Bhris sé an glas a bhí ite le meirg. D'oscail sé an díon go neirbhíseach. D'fhéach sé isteach; ach mo léan. Bhí an bosca follamh.

Bhí na deora le súilibh Síle, mar bhí sí cinnte go mbeach saibhreas an domhain sa bhosca. D'fhéach sí isteach ann. Chilmil sé a lámha dhe, fhéachaint an mbeadh bun bréige ann. Ní raibh. Ní raibh ann ach sean-phíosa páipéir.

Tharraing sí amach an páipéar, a raibh dath donn salach air. D'oscaill sí é; ach ní raibh air ach línte aisteacha a bhí an-doiléir. Bhí Tomás ag féachaint go géar.

Gleann an Ghadaí

“Féach a Shíle,” ar seisean. “Féach. Is léirscáil é. Léirscáil an cheantair seo. Féach. An sliabh mór. Caisleán an Óir. An fharraige. Agus cad é seo? Gleann an Ghadaí.”

“Ó, a Shíle. Tá sé agam.: Gleann an ghadaí. Sin é an Gleann go mbíodh sean- Pheadar ag caint faoi.”

“Gleann an Ghadaí” a tugadh sé air i gcónaí. Deireadh sé go raibh pasáiste ón gcaisleán ag dul fén sliabh síos go dtí an Gleann, agus go raibh carn óir agus airgid le fáil ann.

Rug Síle barrog ar a deartháir, agus phóg sí é arís agus arís eile.

“Rachaimid go dtí an caisleán anois díreach,” ar sise, “agus rachaimid síos go dtí an gleann.”

“Sea, a chailín gan chiall, arsa Tomás. “Ach conas is féidir dúinn an pasáiste d’aimsiú? Nach minic a bhíomar ag cuardach sa chaisleán céanna gan poll ná pluais nó doras d’fheiscint.”

“Mo dearmhad, arsa Síle, agus ceann fé uirthi. Ach neomat ina dhiaidh sin bhí sí ag léimrigh agus ag bualadh a bos le chéile. “An léirscáil. b’fhéidir go bhfuil sé sa léirscáil,” ar sise.

D’fhéach siad go géar ar na línte doiléire. An caisleán; na fallaí; líne tiugh ag dul ón seomra a bhí ar an dtaobh thuaidh agus ag rith síos tríd an sliabh; agus an focal “Pasáiste” scríofa air…… Sea. Bhí cros ar an urlár sa seomra. Ansan a bheadh an doras. Cinnte; mar is ón gcrois sin bhí an líne ag rith; é ag casadh is ag síor-chasadh go dtí go dtánig sé amach ar

Agus san áit sin bhí an focal “casán scríofa.

Ansan bhí léirscáil an ghleanna; carraigreacha, crainn, an fharraige - Gleann Beag deighilte ón nGleann mór. Ins an ngleann beag bhí dhá phointe, agus “crann daraí” scríofa fé gach pointe; agus leath-shlí idir na pointí bhí cros throm.

Lean Tomás na línte lena mhéir. Nuair tháinig sé go dtí an chros throm, stad sé. D’fhéach sé ar Shíle.

Pasáiste Tríd an Sliabh

An Domhnach a bhí ann lá ár na bhárach. Chuaigh na páistí chuig an gcéad Aifreann, agus chomh luath agus a bhí a mbricfsasta caite acu dhein siad réidh i gcóir an turas go dtí an gleann. D'ullmhaigh Síle lón breá agus chuir sí isteach i gciseán beag é. Fuair Tomás tóirse aibhlése agus coinneal agus bosca lasán, agus chuir sé ina phóca iad. Ansan fuair sé barra láidir iarainn - bheadh sé áiseach, cheap sé; agus b'é an rud deireannach a thug sé leis na téad láidir fada.

Ar aghaidh leo i dtreo an tsléibhe. Shiúl siad míle, dhá mhíle, agus iad ag dul suas, suas i gcónaí. Sa deireadh, shroich siad an sean-chaisleán a bhí ina sheasamh go huaigneach in aice leis an bhfaill a bhí ag síneadh díreach síos dhá mhíle troigh.

Is beag duine a théadh in aice leis an gcaisleán le fada. Agus ní raibh duine ar bith a raghadh amach go himeall na faille chun féachaint ar an bhfhaii. An diabhal ar éinne a raghad amach ró fhada ar an sliabh, agus go thitfeadh sé síos leis an bhfaill.

Bhí an caisleán ag titim as a chéile. Bhí na fallaí briste bearnach, agus bhí clocha caite ins gach aon áit. Chuaigh na páistí isteach. Dhein siad a slí go dtí an seomra a bhí ar an dtaobh thuaidh. Ghlan said an t-urlár a bhí clúdaithe le clocha is cré is salachar agus léim a gcroí le háthas nuair chonaic siad fáinne beag iarainn sáite isteach í lic mhóir. Chuir Tomás an barra iarainn isteach ins an bhfáinne, agus d.aon iarracht mhóir dardaigh sé an leac. Nochtaigh sé poll mór san urlár, agus síos fúthu bhí an rud go raibh coinne acu leis – staighre cloch ag rith síos ins an dtalamh.

Las Tomás an coinneal. Buachaill cliste do bea é. Bifhéidir go mbeadh droch-aer san bpasáiste. Taispeánadh an choinneal cé acu nó droch-aer a bhí ann. Dá mbéadh droch-aer ann, mhúchfadh sé an choinneall, agus níor mhór do na páistí imeacht go tapaidh as an áit, mar an droch-aer a mhúchfadh coinneal, mhúchfadh sé duine leis. Rud eile, tabharfadh an choinneal solas dos na páistí ins an bpasáiste.

Radharc ar an nGleann

Síos staighre leis an mbeirt, Tomás ar tosach, agus a gcroí ina mbéil acu. Fiche céim a bhí sa staighre, agus asan chonaic siad pasáiste ard leathan ag rith siar le fána. Bhí an áit ana dhorcha, ach bhí an t-aer folláin. Fallaí agus díon cloch a bhí ann, agus ba léir nárbh í lámh an duine a ghearr an pasáiste céanna, Bhí sé síor-chasadh, ach iad ag dul síos i gcónaí. Anseo agus ansiúd chonaic said an spéir ghorm tré scoilt a bhí sa díon, agus thuig siad conas tháinig an dea-aer isteach san áit.

Muair bhí cúpla céad slat siúlta acu, thánig said go dtí deireadh an phasáiste. Falla cloiche a bhí os a gcomhair, agus ní raibh doras ná poll ná oscailt daon tsaghas le feiscint in aon áit. Chuardaigh said agus chuardaigh siad, ach theip orthu aon tslí amach d fháil,

Shuigh said síos chun machamh a dhéanamh ar an scéal; ansan chuimhnigh Síle ar an léirscáil.

“An léirscáil, a Thomás” ar sise de phreib. B fhéidir go mheadh marc éigin ann a thaispeánadh an slí amach dúinn”.

Tharaing Tomás an léirscáil amach as a phóca gan focal a rá. D,fhéach siad air. Lean Tomás an líne ón áit inar thosnaigh sí sa chaisleán, tríd an bpasáiste, ag casadh is ag síor-chasadh, síos, síos i gcónai.

“Á; Nach mé an t-amadan,” ar seiseann, agus é ag léimt ina sheasamh. “Sin é an falla atá os ár gcomhair amach. Féach an an chros tamaillín soir uaidh.”
Thuig Thomás ansin cad a chiallaigh an chros chéanna. Ar ais leo agus/be ghearr gur aimsigh said fáinne iarainn, a bhí sáite i lic mhóir. D’rdaigh Thomás é le cabhair an bharra iarinn.

Staighre eile síos fúthu. Síos leo, fiche céim eile; agus ansan pasáiste mór eile cosúil leis an céad ceann ag síor -chasadh, síos, síos, cúple céad slat eile. Go tobann leathnaigh sé amach agus suas, agus neomat ina dhiadh sin, bhí solas na gréne le feiscint. Rith an bheirt thar lúb a bhí sa phasáiste. Stad siad. Bhí gorm na spéire ós a gcionn agus thíos fúthú, céad troigh síos bhí Ghleann an Ghadaí.

Gleann an Ghadaí

Tháinig ionadh an domhain ar na páistí nuair d'fhéach siad síos ar an radharc a bhí le feiscint fúthu. Gleann fada caol a bhí ann, míle ar fad dhá chéad slat ar leithead. Ar an dtaobh theas bhí oileáin bheaga is carraigeacha móra ina míltibh ag éirí aníos go bagarthach as an bhfarraige móir, is iad ag dul amach cúpla míle ón dtalamh; agus cé go raibh an lá ciúin, bhí na sruthanna contúrtacha le feiscint, agus iad ag rith is ag casadh is ag síor-chasadh idir na carraigeacha agus idir na hoileáin. Ar an dtaobh thuaidh, ar an dtaobh thiar agus ar an dtaobh thoir bhí an sliabh ag éirí suas díreach go spéir.

Thuig na páistí anois cad ina thaobh gur "cailleadh" an gleann. Ní fhéadfradh éinne é a shroichint ón dtalamh gan sciatháin a bheith aige - ach amháin tríd an bpasáiste nach raibh ar eolas ag éinne ach na páistí féin. Agus ní fhéadfadh éinne an gleann a shroichint ón bhfarraige. Ní mhairfeadh bád er bith ins na sruthanna a bhí ins gach áit. Brisfí í ar na carraigreacha.

Ach ní ar na radharcanna seo bhí na páistí ag féachaint is ag smaoineamh, ach ar an ngleann féin. Bhí crainn ann. Crainn mhóra is crainn bheaga, is bhí sceacha crainn. Agus ionadh na n-iontas, bhí caoirigh ag ingior go sásta ar an bhféar; agus thall ar na carraigreacha sa gleann uaigneach caillte seo.

Sea. agus thíos ag bun crainn daraí, cóiníní ag súradh nó ag ithe an fhéir. "Nach iontach é?" arsa Tomás, de ghlór bog íseal.

Ach ní raibh Síle ag éisteacht leis. Bhí sí ag féachaint ó dheas uaithi ar rud éigin a bhí suite istigh fén sliabh. Leath a súile uirthi agus í ag féachaint go géar ar an rud seo. Sa deireadh, d'iompaigh sí chun a deartháir.

"A Tomáis," ae sise, go híseal, neirbhíseach. "A Thomáis. Féach. Tá tigh ann. D'fhéach Tomás sa treo a thaispeáin a deirfiúr dó; agus baineadh preab as nuair thug sé fé ndeara tigh beag ceann slinne istigh fén sliabh.

Sa Ghleann

D'fhéach na páistí ar a chéile, an smaoineamh céanna i gcroí gach duine acu. Bhí daoine ina gcónaí sa ngleann. Ach cé bhí ann? Nó cad é an saghas iad? Ní raibh fhios ag éinne go raibh aon duine san áit. B'fheidir nach raibh, tar éis an tsaoil.

"Níl éinne le feiscint in áit ar bith," arsa Tomás.

"Níl," arsa Síle, "agus níl aon deatach ag éirí as simné an tí. B'fhéidir go bhfuil na daoine a bhí ann marbh."

"B'fhéidir, do fhreagair Tomás; "ach is/féidir dúinn bheith cinnte dhe. Raghaimid síos ins an ngleann, agus chífimid a bhfuil le feiscint ann."

Ach ba ghearr go bhfuair siad amach go raibh siad i gcrua-cháis. Bhí siad seachtó troigh os cionn an gleanna, agus bhí an aill a bhí fúthu chomh díreach le taobh falla.Conas a ragheadh siad síos?

An téad. An téad a bhí ag Tomás bhí sé fada agus láidir. Is amhlaidh do cheannaigh sé píosa mór fada chun srianta a ghearradh as. Shroichfeadh sé an talamh - nó ar a laghad, shroichfeach sé píosa carraige a bhí in aice leis an dtalamh.

Níor chaill siad aon am. Cheangail siad ceann amháin den téid de charaig mhóir, agus lig siad an chuid eile leis an aill. Sea, shroich sé an charraig a bhí in aice leis an dtalamh. Bheadh sé éasca an gleann a shroichint ón gcarraig sin.

Ba baolach an obair é, ach ní raibh eagla ar bith ar na páistí. Bhí siad laidir, agus is minic a chuaigh siad síos taobh aille ar théad.

Rug Tomás ar an téid lena lámha agus lena chosa; agus amach leis thar barr na haille. Bhí sé éasca dul síos, mar bhí poill le hagaidh a chos go flúirseach; agus síos leis go tapaidh. Shroich sé an charraig thíos, agus léim a chroí le háthas nuair chonaic sé go bhféadfadh sé siúl as sin síos, gan cabhair ó théid.

Suas leis arís, agus mhínigh sé an scéal do Shíle. Ní bhéadh sise sásta gan dul síos leis. Cheangail Tomás an téad thart timpeall uirthi agus thugh sé cabhair di. Níor ghá dhó, mar bhí Síle chomh láidir aicillí leis féin.

Nuair bhí Síle thíos, lean Tomás í; agus ba gearr no rabhdar beirt ina seasmah i nGleann an Ghadaí.

Ór agus Airgead?

Shíul an bheirt pháiste amach ón aill go heaglach. Rith na caoirigh siar uathu; léim na coininí síos ins an gcoinicéar; as go bráth leis na gabhair suas an gleann. Ach ní raibh duine ar bith le feiscint in aon áit.

“Rachaimid go dtí an tigh,” arsa Tomás, “féachaint an bhfuil aon rud le feiscint ann.”

“Tá mé cinnte nach bhfuil éinne ann, arsa Síle. “Féach, tá cuid den díon briste. Níl aon doras ann. Tá na fuinneoga go léir gan gloine.”

Bhí an ceart aici; agus nuair shroich na páistí an tigh ba léir nach raíbh aon duine ina chónaí ann le fada an lá. Ní raibh ann ach aon seomra amháin. Bhí an díon is na fallaí ar tí titim. Bhí an t-urlár clúdaithe le salachar; is bhí píosaí adhmaid lofa caite ins gach áit.

Níor fhan na páistí i bhfad ann. Bhrostaigh siad amach fén aer úr. Cad ba cheart dóibh a dhéanamh anois? Ní raibh fhíós acu i gceart.

Shiúl siad ó cheann ceann an ghleanna; ach ní raibh le feiscint ach an aill agus na crainn, na caoirigh is na gabhair is na coiníní. Is ní raibh le clos ach ceol na n-éan ós a gcionn, agus torann na farraige a bhí ag briseadh ar na carraigreacha.

I gceann tamaill chuimhnigh Síle go raibh ocras uirthi. Shuigh siad síos fé chrann fuinseoige agus d’ith siad an lón a bhí acu. D’éirigh siad ansin. Thóg Tomás an léirscáil amach, féachaint an mbeadh aon rud ann a thabharfadh treoir dóibh. Ó an dá chrann daraí, agus an chros throm leath- shlí eatharthu. Cá raibh an dá chrann sin?

Ní raibh sé deacair iad d’aimsiú. Díreach i lár an ghleanna bhíodar. Thomhas Tomás an faid idir an dá chrann le píosa téide a bhí aige i gcóir na hoibre sin, agus sháith sé slat síos sa talamh ins an spota a bheadh, dar leis, leath- shlí idir an dá chrann.

“Is anso atá an spota,” ar séisean, agus crith ina ghlór. “ Is anso ata an t-ór agus an t- airgead Féach. Bhí an carn cloch seo mar mharc ag an duine a chuir an t-ór agus an t-airgead i bhfolach ann.”

An Fear Fián

Dá mbeadh rámhan againn. Nach trua é nár thugamar rámhan linn," arsa Síle go truamhéileach." Is gearr go mbeadh……"

"Ha, ha, ha…… ha, ha, ha"

Is beag nár thit an bheirt le neart scanradh, nuair phléasc an gáire ard fiain amach taobh thiar díobh. D'iompaigh siad thart, a n-aighthe ar dhath, an tsneachta, a mbaill ar crith…

Ina sheasamh thuas ar charraig mhóir bhí fear. An fear dob aistí dá bhfacadar riamh.

Ní raibh an fear thar fiche slat uathu, agus bhí ar a gcumas é d'fheiscint go soiléir.

Bhí sé aosta le féachaint air. Bhí sé ard, an-ard agus tanaí. Bhí féasog fhada liath air, agus bhí a chuid gruaige fada liath ag titim anuas fén sean-chaipín mhairnéalaigh a bhí ar a cheann.

Éadach mhairnélaigh a bhí air agus bhí a láimhe sáite i bpócaí a bhríste.

Ach níorbh é éadach ná aghaidh an fhir a chuir scanradh i gcroí na bpáistí, ach an lasar a bhí ins na shúilibh. Bhí gach súil ar nós tóirse aibhléise go mbeadh neart iontach ann. Solas neamhshaolta a bhí ins na súilibh sin; solas a bheadh i súilibh duine a bheadh……

"Ha ha, ha…… ha, ha, ha"

An gáire uafásach arís ag briseadh amach, ag líonadh an ghleanna le macaibh- alla; agus i bpreib na súil léim an fear anuas den charraig ar nós mionnáin gabhir. Rith sé go dtí crann mór a bhí ag fás in aice leis an aill. Suas leis ins na géagaibh. Léim sé ar chasán a bhí ag rith ó dheas ar thaobh na haille, agus neomat ina dhiaidh sin bhí sé imithe as radharc.

Bhí an bheirt pháiste ar tí titim i laige leis an scanraidh a bhí orthu; agus nuair a bhí siad i ndon a gcosa a

chorraí as an áit ina rabhdar, ritheadar ar a ndicheall ar ais go dtí an áit ina raibh an téad ar crochadh. Ní raibh aon rud ag déanamh imní dhóibh ach an sliabh a chur idir iad féin agus an fear árd fiáin sin go raibh an féachaint neamhshaolta ina shúilibh is an gáire uafásach ar a bhéal.

Ar aghaidh leo ar nós na gaoithe, agus ba ghearr gur shroich siad an áit inar fhág siad an téad. Ghabh scanradh ceart iad ar shroichint na háite dhóibh…… Bhí píosa mór den aill tar éis titim anuas agus idir na páistí agus an pasáiste anois bhí seachtó troigh a bhí chomh díreach le falla.

Ba chruaidh é an cás ina raibh an bheirt anois. Fear fiáin fíochmhar sa ghleann, agus gan aon tslí éalaithe acu. B'fhéidir go dtiocfadh an fear fiáin orthu i gan fhios is go marbhódh sé iad beirt gan trua gan taise.

Thosnaigh Síle ag gol go géar. Bhí fonn gol ar Thomás leis, ach buachaill misniúil dob ea é, agus thuig sé nach ndéanfadh na deora aon mhaitheas dóibh. Thosnaigh sé ar phlean a cheapadh a leigheasfadh a gcruachás.

B'é an chéad rud a dhein sé na bata maith láidir d'fháil chun é féin is Síle a chosaint. Ansin fuair sé bata breá éadrom, agus thug sé do Shíle é. Ní mharbhódh an fear fiáin iad gan troid.

Nuair bhí airm cosanta acu, dheifrigh siad síos suas an gleann féachaint an mbeadh aon chasán ag dul suas an sliabh. Ní raibh. Nuair theip an sliabh orthu, thriail siad an fharraige. B'fhéidir go mbeadh ar a gcumas píosaí adhmaid a cheangailt le chéile le dul dul amach ar an bhfarraige orthu. Bhí adhmad flúirseach, agus bhí an téad breá láidir acu fós; ach ba léir nach mairfeadh siad i bhfad ins an bhfarraige ar aon tsaghas báid. Bhí na sruthanna go huafásach.

Bhíodar i gcruachás gan amhras; agus chun an scéal a dhéanamh níos measa bhí an dorchadas ag titim. Sea, agus bhí ocras ag teacht orthu.

"Caithfimid áit compordach éigin d'fháil i gcóir na hoíche," arsa Tomás. "Agus ní fheicim aon áit oiriúnach ach an sean-tigh. Tá píosa den díon ann fós. Is féidir linn an doras agus na fuinneog a dhaingniú le géaga crann; agus is féidir linn tine a chur síos."

Bhí Síle sásta aon rud a mholfadh Tomás a dhéanamh. Chuaigh siad go dt an tigh. Ghlan siad an t-urlár,

agus bhailigh siad adhmad lofa chun tine a dhéanamh. Ansin bhailigh siad carn féir thirim chun leapthacha a dhéanamh. Fuair siad géaga láidre crann ansin, agus chuir siad treasna an doras is treasna na bhfuinneoga iad.

Ach ní bhainfeadh an tine a b'fhearr dá raibh in Éirinn an brón dá gcroí. Agus mar bharr ar an donas, bhí siad fé seo stiúgtha leis an ocras, agus gan greim le n-ithe acu.

"Nach trua é nár bhailíomar sliogáin," arsa Síle. "Tá sé ró-dhorcha anois."

"Cad mar gheall ar mo thóirse aibhléise?" arsa Tomás?" " Rachaimid amach ar thóir bia. Ach ní sliogáin atá uain - is fuath liom iad…… Tá súil agam nach bhfuil an fear fiáin in aice na háite" …… agus d'fhéach sé ar gach taobh go heaglach.

An Fear Fiáin Arís

Amach leo. Las Tomás an tóirse, agus ba ghearr gur thuig Síle cad a bhí beartaihe aige. Chas sé an gath solais timpeall go dtí gur dhírigh sé ar choinín é. Dhein an coinín iarracht éaló. Ach tháinig mearbhall ar an ainmhí cráite, agus i gceann neomait tháinig Tomás suas leis. Buille den bhata, agus bhí an coinín bocht sínte marbh.

Rith an bheirt abhaile leis an gcoinín. Bhain Tomás an craiceann de. Thóg sé na putóga as. Ghlan sé sa tsáile é. Ansin sháith sé píosa iarainn a fuair siad sa tigh tríd, agus róstaigh sé os comhair na tine é.

D'ith siad ansin é; agus cheap siad nár bhlas siad riamh roimhe sin bia a bhí chomh dea-bhlasta leis an gcoinín sin.

Dúirt siad an Coróin Mhuire ansin, agus d'iarr siad ar Dhia is ar Mhuire iad a shábháil.

Bhí siad tuirseach traochta fé seo; agus cé gur dhein Tomás iarracht fanacht ina dhúiseacht chun Síle a chosaint, ba ghearr go raibh sé ag srannadh i lár a charn féir.

Nuair dhúisigh Tomás bhí solas geal an lae ag teacht isteach tríd an díon. Léim sé ina sheasamh, agus chuaigh sé go dtí an doras go bhfeichfeadh sé an raibh aon chontúirt ag bagairt orthu. Stad sé go tobann, agus é ar tí ceann des na géaga a bhí sa doras a leagadh. Díreach ar a aghaidh amach, coiscéim amhain uaidh, bhí an fear fiáin. An fear fiáin, cinnte; ach ní hí an fhéachaint a bhí ina shúilibh inné a bhí iontu anois.

Féachaint bhog chineálta a bhí i súilibh an fhir fiáine anois, agus é ina sheasamh ós comhair doras an tí amach. Thug Tomás é sin fe ndeara ar an bpointe. Labhair an fear fiáin i nguth bog caoin:

A bhuachaill óg ná bíodh eagla ort romham. Ní dhéanfaidh mé dochar ar bith duit. Leig isteach mé. B'fhéidir go mbeadh ar mo chumas cabhair a thabhairt dhaoíbh ins an gcruachás ina bhfuil sibh."

Ní raibh fhios ag Tomás cad ba cheart dó a dhéanamh. Thuig Tomás nach mbeach sé ábalta an cuairteoir ait a choimeád amach; agus thuig sé leis nach mbeadh sé ábalta éaló uaidh. B'fhearr dhó bheith deas,

múinte leis an bhfear fiáin. Leag sé síos na géaga a bhí sa doras, agus ansan chuir sé fáilte roimh an bhfear fiáin i nglór a bhí íseal eaglach. Ach ar feadh an ama seo go léir bhí greim daingean ag an mbuachaill ar bhata - ar eagla na heagla.

Gleann Eile

Tháinig an fear fiáin isteach. Cúlaigh Tomás go dtí an áit ina raibh Síle ina codladh fós. Nuair chonaic an fear fiáin an cailín stad sé. D'fhéach sé uirthi gan focal a rá; agus tháinig
na deora lena shúilibh agus thit siad anuas go flúirseach ar an dtalamh.

Tar éis tamaill d'iompaigh sé chuig Tomás. D'árdaigh sé a lámh. Chuir sé ar cheann Tomáis é. Chimil sé gruag an bhuachalla, agus é ag caint leis féin ar feadh an ama. "Ag brionglóid…… as mo mheabhair" na focla a chuala Tomás a bhí ag crith le heagla.

Go tobann thug an fear fiáin coiscéim siar. D'fhéach sé ina thimpeall. D'fhéach sé ar Thomás. D'fhéach sé ar Shíle. D'fhéach sé suas chun na bhflaitheas.

"A Dhia na glóire, beirim buíochas Duit," ar seisean go hard. "Bheirim buíochas Duit agus Do Mhuire mháthair," agus thosnaigh sé ag gol arís.

Dhúisigh an chaint árd Síle. Léim sí ina seasamh agus scanradh uirthi, Ach chiúnigh Tomás í; agus nuair labhair an fear lei go cineálta, d'imigh an scanradh go tapaidh.

"A pháistí, arsan fear, nuair thuig sé nach raibh eagla orthu roimhe a thuilleadh. "Inis dom conas a tháinig sibh go dtí an gleann seo. Ansin inseoidh mise mo scéal díbh. Ach fan." D'fhéach sé ar chnáma an choinín a bhí ar an urlár in aice na tine. "Beidh bricfeasta againn i dtosach. Leanaigí mé. Amach leis agus lean an bheirt é. Focail níor labhair sé gur tháinig sé go dtí an crann a bhí ag fás in aice leis an faill.

"An maith libh mo staighre?" ar seisean, agus meangadh gáire ar a bhéal; agus thaispeán sé dóibh staighre garbh a bhí gearrtha aige ins an gcrann.

Suas leis, agus lean na páistí é gan trioblóid. Shroich siad casán caol a bhí gearrtha ag an nádúir istigh ins an aill. Lean siad é. Suas, suas do chuaigh an caásn go dtí gur chuaigh siad triúr amach thar an aill a bhí mar falla ag an dtaobh ó dheas den ghleann. Bhíodar trí céad troigh os cionn na farraige, nuair shiúl siad thar lúb a bhí sa chasán, agus tháinig ionadh an domhain ar an mbeirt pháiste nuair d'fhéach siad síos, agus nuair a chonaic siad gleann eile síos fúthu. Gleann a bhí níos lú na an gleann eile, ach, de réir dealraimh, a bhí níos saibhre.

An Tigh Beag Gleoite

Níor thug an fear a bhí rompu am dóibh tuiscint géar a dhéanamh ar chad a bhí déanta acu. ar éis tamaill, mhothaigh siad go rabhdar ag dul síos, síos síos; agus go tobann fuair siad radharc ar an dtaobh theas den ghleann.

"Ó," arsa siad araon d'aon ghuth. "Ó, nach iontach". D'fhéach an fear thar a ghualainn."Mo ríocht," ar seisean. "Fáitle romhaibh."

"Dob iontach an radharc a bhí le feiscint. Bhí an gleann beag - céad acra a bhí le feiscint. Bhí sé dúnta ar trí thaobh ag aill aird dhírigh. Bhí an fharraige ar an dtaobh thiar. Ar an dtaobh thuaidh den ghleann bhí crainn arda agus féar brea glas ag fás; agus bhí gabhair flúirseach. Ach ní ar an dtaobh san bhí an bheirt ag féachaint, ach ar an radharc a bhí le feiscint theas.

Bhí tigh beag breá adhmaid ann; gáirdín bláth ós a chomhair amach; gáirdin glasraí ar a chúl; paiste beag cruithneachtan ag fás ar an dtaobh theas den tigh; agus paiste coirce taobh thoir de sin.

Tigh beag gleoite, amhail is a bhí ag comharsain leo sa mbaile. "Fan go bhfeicidh sibh," arsan treoraí,agus dheifrigh sé síos.

Ba ghearr go rabhdar ins an ngleann, in aice leis an dtigh. Sea, bhí gloinne ins na fuinneoga, is bhí doras deas adhmaid ann. Isteach leo. Cistin a bhí níos deise ná aon chistin dá bhfaca siad riamh. Urlár admaid a bhí chomh glan le biorán nua; cathaoireacha adhmaid is móna; driosúr deas agus cupáin agus fó-chupáin. Buicéid sa chúine a bhí réidh le obair a dhéanamh mar a bheadh in aon chistin sa mbaile; agus a lán rud nach mbeadh ach i gcistin duine shaibhir.

Bhí an beirt ag déanamh iontais de gach rud. Thug an fear é sin fé ndeara, agus ba léir gur bhain sé sásamh mór as. Chuir sé an bheirt ina suí ar charthaoireacha uileann, agus dhein sé réidh bricfeasta breá. Bhí tae is arán is im acu. Bhí iasc dea-bhlasta acu; is bhí arán - arán a bhí cruaidh, ach a bhí so-bhlasta, milis. Agus bhí mil acu. Níor bhlas na páistí riamh béile a bhí chomh deas leis an mbricfeasta sin; agus mise i mbannaí gur itheadar a sáith.

Nuair bhí críochnaithe acu, nígh fear-a-tí na gréithe - ní lighfeadh sé do Shíle cabhair a thabhairt dó. Ghlan sé an chistin. Ansin las sé a phíopa agus d'iarr sé ar an páistí a insint dó conas shroich siad an gleann.

D'inis siad. An portach, an léarscáil, an pasáiste, an téad. Ansin titim píosa den aill, agus gan aon tslí amach as an ngleann fágtha acu.

D'éist an fear leo go foighneach; ag cur ceisteanna anso agus ansúd. Nuair thánig siad go dtí an deireadh - titim na haille - léim sé ina sheasamh. Tháinig fearg ina shúilibh agus chuir se eagla ar an mbeirt. Ach ciúinigh sé é féin arís, agus shuigh sé.

"Chífimid," ar seisean, "b'fhéidir nach bhfuil an scéal thar leigheas fós. A Dhia, ná theip orm anois."

Bhí sé ina thost tamall, a cheann ar a lámhaibh. Ansan d'éirigh sé. "Ar aghaidh linn, ar seisean" go bhfeicimis mo ríocht. Mo phálás ar dtús."

D'oscail sé doras agus chuaigh siad isteach i seomra breá leapthan. Leabaidh dheas bheag íseal a bhí ann. Bhí brat ar an urlár agus bhí bord folcaidh i na sheasamh le falla. Bhí troscán breá sa tseomra, agus bhí éadach de gach saghas ann. Bhí cótaí is bristí de gach dath agus de gach saghas ann. Seomra é. a shásóchadh duine ar bith; agus an fhuinneog bhreá mhór ag féachaint amach ar an bhfarraige.

Tháinig siad amach as an tseomra sin, agus chuaigh siad isteach i seomra beag eile. Bhí gach sórt rud anso. Bhí boscaí is cathaoireacha agus éadach de gach saghas. Stór do bea é.

Chuaigh siad isteach ins an seomra eile - ní raibh ach ceithre seomraí ar fad sa tigh. Ins an seomra seo bhí boscaí is barraillí; bhí leaba is bhí buideil; Leis an bhfírinne a rá cheapfá go raibh gach rud ar dhroim an domhain istigh sa seomra sin.

Amach leo ansan. Bhí iontas na n-iontas le feiscint amuigh. Gáirdíní deasa agus gach sórt rud ag fás iontu, agus geataí deasa ag dul isteach iontu.

Ansin thaispeáin an Fear a mhuileann dóibh bró a bhí déanta de dhá choich chun an gráinne a mheilt

thaispeán sé bothán dóibh ina gcuirfeadh sé gabhair is caoirigh.

Threoraigh sé iad ansan go dtí an fharraige, agus chonaic siad radharc a chuir tuilleadh iontais orthu. Báid is longa briste caite ins gach áit; is earraí de gach saghas ar an dtalamh agus ar na carraigeracha. Ba léir anois cad as a dtáinig an t-ábhar as a deineadh an tigh.

Shuigh an fear ar charraig, is d'fhéach sé go smaointeach amach ar an bhfarraige, ar na hailltreacha, ar na sruthanna meara contúrtacha. Thug sé comhartha don bheirt suí in aice leis; agus ansin, agus iad triúr ina suí ar bhruach na farraige, d'inis an fear ait a scéal ait iontach.

Scéal an Fhir Fhiáin

"Seán Ó Néill is ainm dom; agus as Contae Chorací dom," do thosnaigh sé. "Cúig bliana atá mé im' phriosúnach anseo. Cúig bliana fada uaigneacha. Lá Samhraidh a bhí ann, an ghrian go hárd sa spéir, agus gan puth gaoithe le mothú. Bhí an long mhór bhreá ag imeacht ar nós éan mara, agus i gceann lae eile bheadh mé thar n-ais in Éirinn. Nach orm a bhí an t-áthas. Ag teacht abahaile tar éis fiche bliain a chaitheamh in Aimeirica. Nach ar mo mháthair is ar m'athair a bheadh an ríméad mé d'fheiscint. Sea. bheadh saol sonasach suairc againn go léir, mar bhí carn airgid fé ghlas im' mhála agam. Ó, nach orm a bhí an t-áthas an lá samhraidh úd;" agus lig an fear bocht osna fada trom as, agus níor labhair sé go ceann tamaill.

"Bhuel," do lean sé ansan, "chuas a chodladh go luath an oíche sin. Bhí dubh- dorchadas na hoíche ann nuair dhúisigh luasgadh na loinge mé. Bhí storim ag éirí.

"Ba ghearr go raibh an storim ag séideadh go láidir, agus bhí an long á chaitheamh anonn is anall ar nós coirc. Chuala mé daoine ag rith anso is ansúd. Chuala mé caint árd eaglach. D'éirigh mé. Bhuail tonn mhór feargach an bád, agus caitheadh ar fhleasc mo dhroma mé. Bhí na paisnéirí go léir ina suí fé seo, scanradh ar gach duine. Bhí cuid acu á rá go raibh poll i dtóin na loinge, agus go raibh an stiúir briste is go rabhmar ag déanamh mear ar na carraigeacha contúrtacha atá ar chósta thiar theas na hÉireann.

"Go tobann bhuail tonn mhór eile an long, agus is beag nár bádh ar an nóimead é. Díreach ina dhiaidh sin, chualamar glór ard an chaptaein: Íslig í na báid. Ísligí na baíd, agus léim na mairnéalaigh chun na báid a chur ar snámh: Bhí an long ag dul síos go mear.

"Is ansan a bhí an troid. Fir ag iarraidh dul isteach ins na báid roimh na mná, agus na mairnéalaigh á gcosc. D'íslíodh an chéad bád gan timpist. Bádh an dara bád is a raibh inti. D'íslíodh an tríú bád, agus ar an neomat sin, bhuail tonn uafásach an long, agas caitheadh mé amach i mbolg na farraige.

Is beag nár múchadh mé, ach sa deireadh tháinig mé go barr an uisce, agus d'éirigh liom mé féin a choimeád ar snámh. Ní raibh an long le feiscint in aon áit, is ní raibh im thimpeall ach na tonntracha móra millteacha.

Tar éis tamaill, tháinig breacadh an lae; agus bhí mé beagnach traochta nuair a chonaic mé rud éigin in

aice liom,. Bád. Bád breá mór, agus gan éinne inti. Shnámhaigh mé chuici, agus tharraing mé féin isteach sa bháid.

Nuair thainig mé chugam féin, bhí an ghrian go hard sa spéir. Bhí an stoirm ag séideadh go láidir i gcónaí. Go tobann chonaic mé radharc a chuir scanradh an domhain ar mo chroí; chonaic mé ailltreacha árda bagarthacha, cúpla míle uaim soir; agus mo bhád ag déanamh orthu go mear.

Ní raibh aon mhaidí rámha agam; agus dá mbeadh féin, ní bheadh aon maitheas iontu. Bhí na tonntracha ró-mhór.

Bhíos ag déanamh ar na hailltreacha go tapaidh. Ansan chonaic mé contúirt eile - carraigreacha móra im' shlí. Sciobadh ar aghaidh mé, agus mé ag baint na báirneach des na carraigrecha anois, agus ba léir go raibh sruth am' sciobadh leis. Ar aghaidh liom, am' chasadh is am' shíor-chasadh, Ó thuaidh, soir, o dheas, idir na carraigeacha a bhí ag éirí aníos as na bhfarraige ins gach áit.

Bhí na hailltreacha os mo chomhair amach; ach bhí carraig mhór im shlí. Rug tonn mhór ar mo bhád, agus caitheadh suas ar an gcarraig í. Briseadh i smidiríní í, ach fágadh mé féin slán ar bharr na carraige. Sin í thall í;" agus thaispeán sé don bheirt pháiste carraig mhór a bhí ag éirí as an bhfarraige cúpla céad slat amach ón áit ina raibh siad ina suí.

"Bhíos i gcruachás ceart ansan; ach ní raibh am agam féachint tharam nuair bhuaill tonn mhór eile mé, agus caitheadh isteach sa bhfarraige arís mé. Ach an t-am seo, rug an sruth isteach leis mé, agus d;éirigh liom teacht i dtír ins an áit seo.

Chuas ar mo ghlúnaibh agus dúirt mé paidir chun Dé na Gloire mé a shábháil." "Nárbh iontach an t-eachtra é." arsa Tomás, a shúile ar an sruth agus ar na
carraigreacha móra cóntúrtacha.
"Nárbh uafásach."

"Agus ar bádh na daoine eile go léir?" arsa Síle, agus crith ina glór. "Nár tháinig éinne eile slán ach tú féin?"

"Níl a fhios agam," arsa Seán agus é ag éirí. "Níor tháinig go dtí an áit seo ach mé féin, is píosaí den long a lean mé."

Níor labhair éinne go ceann tamaill. Bhí Seán ag féachaint thart go smaointeach, agus ní raibh fhios ag an mbeirt cad ba cheart díoibh a rá.

I gceann tamaill labhair Séan arís. "Cúig bliana," ar seisean. "Cúig bliana fada uaigneacha; ach tá lá mo fhuascailte tagtha sa deireadh, moladh le Dia mór na Glóire. A pháistí," do lean sé, "treoraigí mé go dtí an pasáiste gur tháinig sibh isteach tríd. Muna n-éiríonn liom imeacht as so gan mhoill rachaidh mé as mo mheabhair arís amhail a chuaigh mé inné nuair chonaic mé sibh ar dtús. Cheap mé gur taibhsí sibh. Ar aghaidh linn."

Níor fhéad na páistí focal a rá. Bhí fhios acu nach raibh aon tslí éalaithe acu, ach bhí eagla orthu é sin a chuir I gcéill do Sheán. Ar aghaidh leo suas ar an gcasán; amach ins an ngleann eile; agus níor stad go dtí go dtáinig siad go dtí an áit inar thit taobh na faille isteach san fharraige.

Thosaigg Seán ag caoineadh ar nós páiste nuair a chonaic sé a thárla san áit. Bhí eagla an domhain ar na páistí ar dtús. Ach i gceann tamaillín d'éirigh Séan, agus gan focal do rá threoraigh sé thar n-ais iad.

"Tá sé chomh maith dhíbh dul i dtaithí na háite," ar seisean leo go brónach nuair bhíodar thar n-ais ins an ngleann beag arís. "Ní raghaidh aon duine den triúir againn amach as an áit seo go deo."
Níor chreid na páistí é. Bhí muinín acu as Dia, agus bhíodar cinnte go bhféadfradh siad teacht ar shlí éigin dul amach as an ngleann, luath no mall.
Mar sin, ní raibh brón ró mhór orthu, cé is móite den bhrón a bhí orthu toisc an imní a bheadh ar a dtuismitheoirí sa bhaile.

Thaispeán Séan gach aon rud dóibh. Thaispeán sé dóibh conas do dheasaigh sé an tigh; conas do chuir sé smacht ar na gabhair; conas do romhair sé an gáirdín, is conas do chuir sé is do bhain sé is do mheil sé an chruithaeacht.

Dhein na páistí iontas de gach rud. Ach b'é an rud ba mhó a chuir siad suim ann ná bogha mór láidir is saighead fada géara a bhí déanta ag Seán.

"An féidir é d'úsáid?" arsa Tomás agus gliobdar air. Thóg Seán an bogha ina láimh. Chuir sé saighead ar an sreang. D'aimsigh sé é. Scaoil sé é; agus sháith sé an saighead i gcoinín mór ramhar a bhí ina shuí ar a chorragiob seachtú slat uatha. Chuir an bheirt liú mholta astu; agus scanraigh siad coiníní is gabhair is caoirigh is éin.

"Nach iontach," arsa Tomás; agus bhí rún ina chroí aige go bhfoghlaimeodh sé conas an bogha dúsáid.

Is minic a thug an bogha san béile dom, sul a tháinig bosca gunnaí isteach," arsa Seán. "Féach iad seo." agus thaispeán sé bosca gunnaí breatha agus bosca beag piléar a tháinig isteach ar an mór taoide. "Bhíodar clúdaithe le ruibéar, agus níor chuaigh deoch usice isteach orthu."

Bhí am dinnéir tagha fé seo, agus d'ullmhaigh siad béile bhreá. Bhí bric acu a mhairbh Seán ins an sruthán a bhí in aice an tí; bhí prátaí acu as an ngáirdín ; agus bhí cupán tae is arán is im acu ina dhiadh san. Níor gá dos na páistí fiafraí de Sheán cá bhfuair sé na rudaí go léir. Tháinig an tae is an siúicre ar an taoide; agus tháinig síolta na bprátaí is síolta na cruithneachtan isteach ar an gcuma céanna. Bhí an bainne is an t-im le fáil ós na gabhair.

D'imigh lá. D'imigh dhá lá. D'imigh trí lá. Chaith na páistí an t-am ag déanamh iontais de gach rud agus ag cuardach an ghleanna féachaint an mbeadh aon tslí amach le fáil. Ní raibh. Bhíodar ina bpríosúnaigh cinnte; agus bhí uaigneas is eagla ag teacht orthu.

Bhí Seán cinnte go raibh slí sábháilte éigin isteach ón bhfarraige, dá bhféadfadh siad teacht air. B'é an rud a dhein deimhnitheach de sin dó ná sean-bhád a fuair sé ar an dtaobh ó dheas den ghleann beag. Bhí an bád lofa, ach ní raibh briseadh ná scoilt inti. Conas a tháing sé isteach sa ghleann? Cad í an cúis go raibh sí ann cor ar bith? Bhí eolas ar an slí sin ag na daoine a thóg na tithe a bhí sa ghleann
- ach.

Cá raibh an slí amach? Ní fhéadfadh bád ar bith teacht isteach nó dul amach idir na carraigreacha a bhí os a gcomhair. Cá raibh an slí amach?
Síle a tháinig ar an slí amach. Síle a sábháil iad go léir.
Tráthnóna amháin bhí sí ag bailiú bláth ar an dtaobh theas den ghleann beag. Chonaic sí gabhnar agus

mionnán beag tamall uaithi. "Ó," as sise léi féin. "Bhéarfaidh mé ar an mionnán agus déanfaidh mé peata dhe. Nach agam-sa a bheidh an spórt," agus d'éalaigh sí go ciúin go dtí an áit ina raibh an mháthair ag iníor.

Ach. bhí cluas ghéar ag an ngabhar. Chuala sí an cailín agus as go bráth léi agus rith an mionnán go mear i ndiaidh a máthar.

Lean Síle iad, agus í ag rith ar nós na gaoithe. Dhein an mháhair ar an aill, agus nuair shroich sí í, rith sí suas casán cúng garbh. Lean an mionnán í, agus lean Síle an mionnán. Bhí an casán ag dul siar ar thaobh na haille, timpeall deich dtroithe ón dtalamh i gcónaí.

Bhí Síle ag teacht suas leis an mionnán. Bhí sí i ngiorracht slaite uaidh, Chuir sí a lámh amach chun breith air. Ach ar an neomat sin, d'imigh a cos uaithi, agus síos, síos, síos léi, isteach i bpoll doimhin dorcha.

Is beag nár thit an t-anam aisti le neart an scanraidh; agus nuar stopadh é sa deireadh, ní raibh sí cinnte ar bheo nó marbh í. Bhí sí beo, cinnte, agus iontas na hiontais ní raibh aon marc uirthi bhí sí tar éís titim go bog réidh le fanaidh.

Bhí an áit dorcha. Níor fhéad sí an poll gur thit sí tríd dfeiscint. Ach bhí solas beag le feiscint ó dheas, i bhfad uaithi. Ní mór ná go raibh sí i bpasáiste mór fada.

An raghadh sí i dtreo an tsolais? Bhí eagla uirthi i dtosach, ach ba mhaith léi an pasáiste a chuardach. D'éirigh sí, agus ar agahaidh léi go mall cúramach. D'fhéach sí go géar ar gach rud, á dtreo go mbeadh ar a cumas a slí thar nais a fháil arís; agus bhí sí cúramach carn cloch a thógaint ins an áit ar ar thit sí chun í a mharcáil. Céad céim do chuaigh sí, an pasáiste ag dul i méid agus i n-airde agus i ngile.

Tháinig sí go dtí lúb sa phasáiste. Shiúl sí thar an lúb, agus léim a chroí nuair d'fhéach sí roimpi amach. Bhí sí ina seasamh ag ceann cuan bhig, a bhí clúdaithe ar thrí thaobhanna ag na hailltreacha mór dubha. Níor fhéad sí aon fhoscailt amach chun na farraige móire d'fheiscint, ach bhí sí cinnte go raibh an foscailt ann. Agus rud a chuir áthas ar a chroí - bhí an t-uisce ciúin. Ní raibh sruth le tabhairt fé ndeara, agus ní raibh carraig ar bith le feiscint, cé go raibh an lag-mhara ann.

Ar ais le Síle go tapaidh. Tháinig sí go dtí an áit inar thóg sí an carn cloch. Bhí an chuid sin den phasáite an-dhorcha, ach tar eis tamaill d'aimsigh sí an carn. Bhí an slí suas éasca, agus níorbh fhada go raibh sí thar n-ais sa ghleann arís.

Rith sí go dtí an abha mar a raibh Seán agus Tomás ag iascach. Cheap siad- san go raibh rud éigin bun-os-cionn léi nuair a chonaic siad í ag rith chúca agus í ag screadaigh in ard a chinn is a gutha. "Táimid slán, táimid slán. Tá pasáiste ag dul amach as an ngleann."

Ar dtús níor chreid siad í, ach ba ghearr gur chuir sí ina luí orthu go raibh sí ag insint na fírinne. Mise i mbannaí gur tapaidh a rith siad i ndiaidh an chailín go dtí an poll a bhí mar dul isteach go dtí an pasáiste. Níorbh ionadh é nach bhfaca éinne roiimhe sin é, mar bhí féar garbh is fraoch fada tiugh á chlúdach.

Síos leo, agus i gceann cúpla neomat tháinig siad amach ar an dtráigh bhig gainimhe a bhí ag ceann an chuain bhig.

Ghabh ionadh agus áthas an bheirt nuair chonaic siad an áit."Táimid slán, buíochas mór le Dia," arsa Seán. "Tuigim an scéal go léir anois," agus chuir sé paidir beag dúthractach suas chun Dé is chun Muire.

"Is isteach anseo a thagadh na foghlaithe mara fadó. Bhí an pasáiste ag dul isteach go dtí an gleann an uair sin, ach dúnadh an taobh istigh tré thitim píosa den aill. Tuigim an scéal go léir anois."

Shiúl sé síos, suas, ag féachaint ins gach áit, agus lean an bheírt eile é. Bhí an bhrúth-fá-thír go flúirseach ann - píosai adhmaid, barraillí, boscaí, baíd a bhí briste i smidhríní.

Agus ansan chonaic siad rud a chuir áthas ar a gcroí. Bád beag nach raibh briste, é iompaithe béal fé, agus é ina luí le hais carraige, fiche slat ón uisce.

Báidín. Báidín beag deas. Bronntanas iontach ó Dhia. Ritheadar go dtí an bád beag deas. Bád canbhais a bhí ann, agus é gan poll gan scoilt. Rugadar air. D'iompaíodar an taobh ceart suas. Bhí trí suíochan ann, ach ní raibh aon mhaidí rámha ann.

Chuadar timpeall an chuain arís, féachaint an mbeadh maide rámha le fáil in aon áit. Bhí an t-ádh leo. Bhí maidí rámha ina gcéadta ar an ngainimh.

Chuir Seán maidí rámha i gcaoi, a lámha ar crith agus solas nua ag lonradh ina shúile. Ansin chuaigh sé síos ar a ghlúnaibh. Dhein na páistí an rud céanna, agus chuir an triúr acu paidir suas chun Dé ag tabhairt buíochais Dó as ucht an bád a thabhairt dóibh, agus á iarraidh Air cabhair a thabhairt dóibh dul slán anois.

Ansin do chuireadar an bád ar snámh. Theastaigh ó Sheán dul leis féin sa mbád chun a fháil amach an raibh an slí amach sábháilte, ach ní fhanfadh na páistí ina dhiaidh. Bhéadh eagla orthu, dúirt siad.

Bhuel, dhein Seán réidh i gcóir an eachtra mhóir. Chuir sé bia sa bhád. Ansin chuir sé bosca trom airgid isteach, agus rámhaigh Seán agus Tomás amach i dtreo na farraige móire. Bhí Síle ina suí gan cor aisti ag deireadh an bháid.

Ar aghaidh leo go mall, cúramach imníoch. Cúpla céad slat bhíodar imithe nuair chonaic siad go raibh an caolán ag casadh ó dheas Tamaillín ina dhiadh sin, chas sé siar arís; agus ansan chas sé ó dheas athuair. Bhí na hailltreacha móra arda ar gach taobh díobh i gcónaí; agus in áiteanna ní raibh an caolán thar deich slat ar leithead.

Casadh eile a thug siad ó thuaidh, nuair tháinig siad isteach ar an bhfarraige mhóir. Ar aghaidh leo,an t-uisce ciúin i gcónaí, agus gan sruth ar bith le feiscint, rompu nó ar an dtaobh theas, cé go raibh siad le feiscint go soiléir ar an dtaobh thuaidh.

Nuair bhíodar imithe céad slat ón bhfoscailt, ní raibh aon rud le feiscint ach aillltreacha arda dorcha. Ní raibh foscailt ná bearna ar bith le feiscint. Thuig siad ansin cad ina thaobh nach raibh fhios ag iascairí na háite an cuan beag a bheith ann.

Rámhaigh siad amach go dtí go rabhadar slán ó charraigreacha agus ó shruthanna, agus ansan d'iompaigh siad ó thuaidh. Bhí deich míle le dul acu go Cuan Buí, an áit ba ghiorra dhóibh go bhféadfadh siad dul i dtír.

Sé deireadh an scéil é gur bhain siad Chuan Buí amach gan timipist. Chuaigh siad i dtír in áit uaigineach i

dtreo nach bhfeicfeadh éinne iad, agus ansan thosnaigh siad ar an aistir cúig míle go tigh na bpáistí.
Bhí ionadh agus ríméad ar thuismitheoirí na bpáistí. Is amhlaidh a cheap siad go raibh an bheirt marbh le fada an lá. Leis an bhfírinne a rá, bhí an tathar an-thin fós, agus bhí an mháthair beagnach marbh le brón agus le himní.

Cuireadh fáilte roimh Seán. Ní bheadh seisean sásta gan an saibhreas a bhí sa ghleann a roinnt leis na páistí.

Shocraigh siad ar scéal an ghleanna a choimead acu féin rud a bhíodar I ndon a dhéanamh san áit iargúlta sin.

Ní raibh ach aon tslí amháin isteach go dtí an gleann anois - an fharraige. Bhí an pasáiste fén sliabh dúnta ar fad; ach i gceann seachtaine, ní raibh fágtha sa ghleann ach caoirigh is gabhair is coiníní.

Tá Tomás agus Síle agus a dtuisimtheoirí saibhir anois. Tá tigh mór nua acu; agus tá an t-athair ina chóir féin aris. Tagann Seán ar cuairt cucu go minic. Uaireanta bheireann sé a athair agus a mháthair leis ina ghluaisteán mór breá; agus bíonn an- am ar fad acu go léir. Má bhíonn an aimsear ciúin te, téann siad go dtí an gleann ar picnic. Tá bád deas innill ag Tomás i gcóir an turais.

Agus éist, a léitheoir, má bhíonn tú sa cheantair sin uair ar bith, beidh áthas an domhain orthu go léir tú a bhreith leo go dtí "An Gleann a Bhí Caillte."

Sea! agus féadfaidh tú lá nó seachtain a chaitheamh ann. Agus cogair. B'fhéidir nach bhfuair Seán agus na páistí an saibhreas go léir a chuir na foghlaithe mara i dtaisce fadó. Dá gcailleadh duine seachtain ag cuardach !

Bhuel, má tá fút cuairt a thabhairt ar an áit, b'fhéidir go raghainn féinn leat! (A Chríoch San).

An Madra Mór Dearg

Páistí bochta dob ea Tomás Ó Briain agus a dheirfiúr óg Eibhlín. Bhí siad ina goónaí lena sean-máthair i dtigín beag bídeach a bhí suite in áit uaignigh thaobh coille móire. Ní raibh sa tígh ach an triúr acu.

Satharn amháin, shocraigh na páistí ar dui isteach ins an gcoill chun brosna a cheangal le chéile. Bhí téad láidir ag Tomás chun an brosna a cheangal le chéile.

Bhí an lá go hálainn, agus bhí ceol na n—éan ag líonadh na coille le haoibhneas. Ach ní raibh suim ar bith ag na páistí ins an gcoirm ceoil breá. Brosna mór de chipíní lofa a bhí uathu.

Shiúl siad agus shiúl siad agus shiúl siad go dtí go rabhdar tuirseach; ach ní raibh fiú is cipín amháin lofa le fáil in aon áit: bhíodar go léir bailithe ag lucht an bhaile mhóir. Bhí lag-mhisneach ag teacht ar an mbeirt, agus bhíodar ar tí filleadh abhaile nuair a chonaic siad crann mór lofa ina luí ar an dtalamh tamall uathu. Léim a gcroithe le háthas, agus rith siad i dtreo an chrainn.

Ba ghearr go raibh brosna mór breá bailithe acu; agus fhaid agus bhí an obair ar siúl acu, bhí síad a rá lena chéile go bhfillfeadh siad go dtí an aít gach lá agus go dtógfadh siad leo an crann go léir.

“Gheobhaidh mé asal aguş carr ar lasacht Ó Shéamas Ó Néill,” arsa Tomás, “ aguş tabharfaimid sádh agus tua linn; aguş ní fada go mbeldh ábhar tine againn a sheasfaidh go ceann bliana”

“Déanfaimid san,” arsa Eihhlín "Is maith an rud go bhfuil cead againn ár ndóthain adhmaid lofa a bhailiú sa gcoill seo. Is ionadh liom nach bhfuil an crann seo tugtha chun siúl ag lucht an bhaile mhóir. Cad ina thaobh nár tháinig siad isteach anso?”

“Eagla atá orthu,” arsa Tomás, agus é ag ceangal an bhrosna. Tá eagla orthu roimh an madra mór atá sa choill.” Agus thosnaigh sé ag gáirí. “An madra mór dearg. Ní chreidim go bhfuil a leithéid sa choill,” arsa Eibhlín. Creidim gur cheap an maor Ó Riain scéal an mhadra mhóir chun lucht an bhaile mhóir a choimeád as an gcoill.”

“Is dócha go bhfuil an ceart agat,” arsa Tomás. Ach caithfidh mé a rá go mbfhearr liom bheith níos giorra don bhaile.” Agus chaith an buachaill an brosna ar a dhrom, augs as go bráth leo.

Ní rabhdar imithe i bhfad nuair chonaic siad sean-bhothán i measc na gcrann ar an dtaobh ó dheas. Stad an bheirt nuair a leag siad súíl ar an mbothán. Tháinig scéal an mhadra móir go soiléir ar ais chucu. I sean-bhothán a bhíodh sé. I sean-bhothán a bhí suite fé chrann mór fuinseoige; plásóg féir os a chomhair; crann mór daraí ar a chúil gan doras; gan fuinneog…… An sean-bhothán chéanna Bhí an scéal fíor. Bhí……

Ní bréag a rá gur tháinig crith cos agus lámh ar an mbeirt; agus is beag nár thit siad as a seasamh le huafás nuair a chuala siad glór garbh bagartach taobh thiar díobh. Madra a bhí ag tafann. Madra feargach……. an mardra mór dearg?

Ba thrua leat an bheirt pháiste. Iad ansan ina n-aonar i lár coille móire uaigneach. Madra mór fiáin ag déanamh orthu. Iad gan díon gan chosaint.

D’fhéach siad deas agus clé. D’fhéach siad rompu agus ar a gcúl. D’fhéach siad os a gcionn. Ní raibh ach slí amháin acu chun dul saor ó fhiacla an mhadra. B’é an slí san ná díon an tsean-bhotháin a shroichint. Ní raibh aon chrann in aice leo go bhféadfaidís dul suas ann - bhí na géaga ró-ard.
Gan neomat a chailliúint, rith an bheirt go dtí an bothán. D’éirigh le Tomás an díon a shroichint gan trioblóid, agus tharraing sé Eibhlín aníos ina dhiaidh. Is ae éigin do bhí an bheirt ina suí ar an ndíon, nuair rith madra mór amach as na crann thiar. Stad sé sa phlásóig bhig féir. Chuir sé a shrón le talamh. Chuir sé a shrón san aer. D’fhéach sé go feargach, nimhneach, i dtreo an bhotháin. Nocht sé fiacla fada géara go raibh cúr ag sileadh leo. Leig sé glam as a chuir an choill mhór agus a raibh inti ar crith.

Ba radharc é an Madra Mór Dearg a chuirfeadh an croí is láidre ar crith. Bhí sé chomh mór le hasal, beagnach. Bhí gach ruibe da chuid gruaige, a bhí chomh dearg le fuil, ina sheasamh ar nós saighid, Bhí an béal mór ar dian-leathafh ag nochthadh fiacal a bhí fada, géar nimhneach. Agus bhí an buile ar lasadh sa dhá shúil bheaga a bhí ag léimridh as a cheann le feirg.

Stad sé tamall, agus é ag féachaint go fíochmar ar an mbeirt. Ansan thug sé fogha fúthu, a ghlam ard ag scanrú ainmhithe na coille. Is beag nár thit na páistí marbh le neart an úafás a bhí orthu. Ach bhí an t-ádh leo: bhí an dian ró-ard don mhadra. Léim sé, is léim sé, is léim sé; ach bhí sé fuar aige. Níor fhéad sé barr an dían a shroichint. Sa deireadh tháinig tuirse air, agus luí sé síos, tamall ón mbothán, a cheann ar a dhá lape aige, a shúile ar an mbeirt pháiste.

Cad a dhéanfaimid arsa an bheirt “Tá an oíche ag teacht, agus gheobhaimid bás leis an ocras agus leis an bhfuacht.”

“Tá socair ag an diabhail sin gan corraí ón áit seo, de réir dealraimh,” arsa Tomás. “Caithfimid plean éigin a cheapadh. Is trua…… Fan neomat. Tá sé agam.”

Rop sé a lámh ina phóca dheas, agus thóg sé amach sciam phóca láidir. D’fhéach sé suas ar an gcrann fuinseoige a bhí ós a gcionn. D’aimsigh sé slat fhada láidir. Ghearr sé píosa a bhí sé trioithe ar fhaid. Chuir sé a lámh chlé ina phóca clé. thóg sé amach píosa córda. I gceann neomait bhí bogha maith láidir déanta aige.

Saighead? Gearr sé slat láidir, trí troithe ar fhaid. Chuir sé biorr ar cheann de. Fuair sé cúpla cleite préacháin ar dhíon an bhotháin. Níorbh fhada go raibh saighead breá déanta aige.

I rith an ama seo go léir bhí an madra á bhféachaint go hamhrasach. Nuair a bhí an bhogha agus an saighead críochanithe ag Tomás, chuir sé an saighead ar an sreang, agus shiúl sé go ciumhas an dian. Cheap an madra go raibh an buachaill chun léimt anuas. D’éirigh sé de phreib, agus d’oscail sé a bhéal mór leis an mbuachaill d’alpadh.

Bhí Tomás ag feitheamh leis sin. Tharraing sé siar an sreang. D’aimsigh sé an saighead go cúramach. Tiu-eang. Bhí eolas a chéirde ag Tomás. Is minic a scaoil sé saighead as bogha. Ach níor scaoil sé riamh roimhe sin saighead a chuaigh chomh láidir is chomh díreach is a chuaigh an saighead sin as an bogha. Síos i mbéal an mhadra do seinn an saighead. Síos an scórnach. Thug an madra léim mór millteach. Thit sé ar an dtalamh. Ghabh crith é ó cheann go heireaball. Tháinig an fhuil dearg lena bhéal. Stad sé den chrith. Bhí sé gan cor as. Bhí sé marbh. Bhí an Mardra mór dearg marbh.

D’fhan na páistí tamall maith ag féachaint ar an madra, chun deimhin a dhéanamh de go raibh sé marbh. Ansan léimeadar anuas, agus áthas an domhain orthu. Mise i mbanaí go raibh a gcroí sa phaidir buíochais a chuir siad suas chun Dé as ucht iad a shábháil.

Tharraing Tomás an saighead as sconraigh an mhadra - b’fhéidir go mbeadh sé ag teastáil arís - agus ghlan sé ar an bhféar é. Ag tarrainght an tsaghid dó, thug sé fé ndeara go raibh bóna leathair féna mhuilnéal ag an madra; agus sáite sa bhóna bhí píosaí géarra iarainn. Bhí gléas troda aige a mharódh tarbh.

Chuaigh sé i mbhun oibre ansan, agus ba ghearr go raibh dhá shaighead eile aige. Bhí sé ullamh ansan do namhaid ar bith.

Bhailligh siad an brosna a bhí scaipthe, agus as go bráth leo abhaile go tapaidh. Ach ní rabhadar imithe i bhfaid nuair a stad siad, agus scanradh orthu. Bhíodar caillte. Sea, bhíodar caillte i lár na coille móire. Bhí ocras agus tart agus tuirse orthu. Agus bhí an oíche ag titim.

Thosnaigh Eibhlín ag gol. Ach níor thosnaigh Tomás ag gol. Ba bhuachaill misiúil é, Tomás, agus i gceann neomait bhí plean ceapaithe aige. Bhí crann ard in aice leo. B’fhéidir go mbeadh tigh éigin le feiscint óna bharr.

Suas leis an mbuachaill ar nós moncaí. Suas, suas, suas. D’fhéach sé ó thuaidh, d’fhéach sé siar, d’fhéach sé ó dheas. Ní raibh tada le feiscint ach crainn. D’fhéach sé soir lag-mhisneach ag teacht air; ach léim a chroí le háthas nuair chonaic sé, timpeall míle uathu, tigh mór liath i measc na gcrann.

Hurrá, do liú an buachaill, agus anuas leis. Ach leath shlí anuas do stad sé. Léim a chroí suas ina scórnaigh, agus ba bheag nár thit sé den chrann. Céad slat uaigh, agus ag rith ina threo, bhí fear mór árd cumasach, agus fuadar fé……. Gruaigh rua… féasóg fhada rua…… ar leath láimh.

“Fachach rua na h-aon láimhe,” arsa Tomás de ghlór íseal scanraítheach; agus i bpreab na súl bhí an buachaill ar an dtalamh. Bhí an bogha agus na trí saighid ina láimh aige, agus bhí sé ag lorg slí éigin éalaithe ón namhaid nua fíochmar a bhí ag déanamh orthu go tapaidh.

Taobh thiar de bhí sceacha agus féar garbh ag fás idir na crannaibh. Rug Tomás ar láimh ar Eibhlín, a bhí ina seasamh in aice le crann. Bhí ionadh aguas eagla uithi, cé nár thuig sí cad ba chúis leis an bhfuadar a bhí fé Tomás; ach níor fhan an buachaill leis an scéal a mhíniú di. Tharraing sé isteach i measc na sceacha agus an féar í. Ní rabhdar ábalta ar dhul ró-fhada, fóiríor. Amach rompu bhí talamh bog fliuch. Dá siúladh siad amach ann slugfaí síos go scórnaigh iad.

Stadadar, agus iad i bhfolach taobh thiar de dhá chrann mhóra; agus d'fanadar le teacht An Fathaigh mhóir ruaidh, scanradh ar a gcroí. D'fhéach Tomás amach go faiteach. Bhí an Fathach mór ag rith go mear ina dtreo. B'uafásach an duine é. Níorbh éadach a bhí air ach craiceann ainmhí, agus an t-ábhar chéanna a bhí ina bhróga. Bhí crois leathan láidir féna chúm agus sáite sa chrois bhí scian fhada ghránna. Ach b'é an rud ba mhó a chuir scanradh ar Thomás ná an club throm fada, a raibh píosaí móra iarainn sáite ann, a bhí ardaithe ina aon-lámh ag An bhFathach.

Gach aon uair a chuireadh An Fatach cos leis ar an dtalamh, raghadh an choill go léir ar crith; agus gach ré neomat leigeadh sé glaim as a chuireadh scanradh ar leon.

Stad sé nuair a tháinig sé chomh fada leis an gcrann ar a raibh Tomás. Bhí sé i bponc. Ní raibh fhios aige cá raibh an bheirt imithe. D' iniuch sé an talamh go géar, agus é ag caint leis féin go garbh is go bagarthach:
Mo mhadra dílis marbh. Mo pheata bocht sínte fuar ar an dtalamh. Ó, díolfaidh na bithiúnaigh a mhairbh é go daor agus ólfaidh mé a gcuid fola." Agus d'ardaigh sé an club go bagarthach.

Chonaic agus chuala Tomás gach aon rud. Níobhb amhlaidh do Eibhlín bhoicht: Thit Eibhlín i laige nuair tháinig An Fathach in aice leis an áit ina raibh sí. Chonaic Tomás san; agus tháinig uafás ar a chroí, mar bhí sé cinnte go raibh a dheirfiúr tar éis titim marbh. Ach níor fhéad an buachaill corraí as an áit ina raibh sé, ar eagla go bheicfeadh An Fathach é.

Go tobann leig an Fathach scread árd as. D'árdaigh sé an club agus chraith sé go fíochmhar é. Bhí sé tar éis lorg cos na beirte d'fheiscint ar an dtalamh. Ba léir do Thomás, a bhí ag faire go géar, go raibh an bás ag druidim leis; ach ní ghéillfeadh sé go bog. Bhí saighead ar screang an bhogha aige ar feadh an ama go léir; agus nuair bhí sé cinnte go raibh fhios ag An bhFathach cá rabhdar, d'aimsigh sé an saighead.

Ní raibh An Fathach ach fiche slat uaidh. D'fhéadfadh an buachaill saighead a chur tréna chroí. Ach níor theastaigh uaidh duine a mharú, agus dhírigh sé an saighead ar láimh ardaithe An Fathaigh.

Tiu-eanng. B'úd chun siúil leis an saighead ar nós urchar as gunna. Léim An Fathach sé troithe san aer, agus é ag lúirigh ar nós tairbh. Thit an club as a láimh, a bhí gan brí gan neart. Bhí an saighead tar éis dul tré caol na láimhe - á bhriseadh.

Bhí An Fathach ar buile. Bhí sé ag léimrigh agus ag béiceadh, agus ag mallachtú Dé agus daoine. Dá bhfeiceadh sé Tomás mharódh sé lena chosa é. Thuig Tomás san. D'fhan sé a raibh sé. D'aimsigh sé saighead eile. Scaoil sé é; agus i bpreab na súl bhí an Fathach mór rua ina luí ar an dtalamh, é ar leath chois, é gan brí gan fuinneamh. Bhí an Fathach mór fíochmhar, go raibh eagla ar leath na tíre roimhe, ina luí ar an dtalamh, agus gan neart ann a mharódh spideog.

Bhuel, níor chuaigh Tomás in aice leis an bhFathach sínte. Leis an bhfírinne a rá, bhí eagla air. Rith sé go dtí Eibhlín. Bhí sí ina luí fén gcrann agus dath an bháís uirthi. Rith Tomás go dtí poll uisce. Thóg sé uisce lena lámha, agus chaith sé an t- uisce ar éadan a dheirfiúr. Tháining sí chuici féin; agus nuair mhínigh Tomás an scéal di, d'imigh an scanradh a bhí uirthi.

"Cad a dhéanfaimid anois?" arsa Eibhlín go neirbhíseach. Tá an dorchadas ag titim. Táimid caillte. Níl aon bhia againn. Níl aon fothain againn……"

Ná bíodh ceist ort," arsa Tomás go misniúil. "Tá tigh in aice linn. Gheobhaimid bia agus fothain ann. Téánam ort," agus rug sé ar láimh ar a dheirfiúr, agus as go bráth leo beirt i dtreo an tí a chonaic Tomás ó bharr an chrainn aird.

Bhíodar tuirseach traochta nuair a shroicheadar an tigh. Saghas caisleáin a bhí ann. Fallaí árda láidre a bhí ann, agus doras mór millteach iarainn. Ní raibh aon fhuinneoga cearta ann, ach poill bheaga, a bhí chomh beag san nach bhféadfadh páiste, fiú amháin, dul tríothu. Agus bhí an áit chomh huaigneach leis an reilig. Bhí sé suite i ngleanntan i measc crann a bhí ard.

“Caisleán An Fhathaigh,” arsa Eibhlín de ghlór beag faitheach. “Bheadh eagla orm dul in aice leis.”

Bhí eagla ar Thomás leis, agus bhí sé chun iompó ón áit, nuair thug sé fé ndeara go raibh duine éigin ag fuinneog a bhí os cionn an dorais. D’fheach sé go géar ar an nduine sin: Bean a bhí ann. Bean óg. Bean mhánla cneasta. Cad ba chúis le bean dá saghas bheith san áit sin. Ó bhí an bhean ag caint. Bhí sí ag caint le duine éigin a bhí taobh thiar di.

“Tá sé déanach anocht.” Chuala Tomás na focla, cé gur labhair an bhean ós íseal. “B’fhéidir go mbeadh seans agam anocht. Tá an madra mór imithe leis. Cad deir tú, a Pheadair? Ní bheifh aon chaoi eile agam; agus is fearr an bás ná bheith pósta lena leithéid de chneamhaire.”

Thuig Tomás an scéal. Thuig sé ó thús deireadh é. Bhí an t-ádh leis féin agus le Eibhlín. Bhí an t-ádh leis an mhnaoi óig bhrónaigh a bhí ag féachaint amach an fhuinneog bheag sin os cionn dorais mhóir an chaisleáin.

“A bhean uasal.” Is beag nár thit an bhean óg i laige nuair chuala sí an glór thíos fúithi. Bhí sí cinnte gurbh é An Fathach Rua a bhí ann. Ach labhair Tomás arís.

“Leigh isteach sinn, a bhean uasal,” do lean an buachaill. “Tabhair bia agus fothain dúinn agus leigfimid saor thú.”

D’fhéach an bhean óg anuas orthu, ionadh agus alltacht uirthi. Tháinig an bheirt díreach fén bhfuinneoig, áit a raibh radharc cuíosach maith aici orthu. Nuair thug sí fé ndeara nach raibh ann ach buachaill óg agus cailín a bhí níos óige ná é, d’impigh sí orthu imeacht leo go tapaidh, nó mharódh an madra mór dearg iad, dá bhfanadh siad.

Thosnaigh Tomás a scéal d’insint ó thús. Ní raibh a leath inste aigo nuair labhair an fear leis an mnaoi. Chúlaigh sí agus tháinig seisean go dtí an fhuinneog. Bhí crith ina ghlór, agus ba léir go raibh sé tré na cheile go mór. Labhair sé leis an mbeirt pháiste.

“A pháistí,” ar seisean, “táimid beirt anso inár bpríosúaigh. Tá an doras fé ghlas, agus tá an eochair ag An bhFathach. Níl aon uirlis againn chunn glass an dorais a bhriseadh. Féachaidh an bhfuil doras an sciobóil

ar oscailt, agus faigh na huirlisí dhom."

Rith na páistí go dtí an scioból. Bhí an doras dúnta, ach ní raibh sé fé ghlas. Chuaigh an bheirt isteach; agus ba ghearr gur aimsigh siad casúr trom agus barra láidir larainn. Thóg siad fén bhfuinneoig ina raibh Peadar.

Ach thit an lug ar an lag acu go léir ansan. Bhí an fhuinneog ard. Ní fhéadfadh Tomás na huirlisí a thabhairt do Pheadar.

Dá mbeadh dréimire aige. Chuardaigh sé féin agus Eibhlín ins gach áit, ach ní raibh dréimire ar bith le fáil. Ach fuair Tomás rud a bheadh áiseach - ceirtlín téide. Rith sé thar n-ais fén bhfuinneog, agus chaith sé an ceirtlín chuig Peadar. Ach níor fhéad Peadar breith air, mar ní raibh ar chumas Shéamais é a chur in aice leis.

Ach ní raibh buaite ar Shéamas. Bhí a a bhogha agus saighead aige.
Thog sé an téad. Cheanail sé ceann di don tsaighead. Mhínigh sé do Pheadar cad a bhí ceapaithe aige a dhéanamh, agus cúlaigh Peadar as an slí. Scaoil Tomás an saighead, Ach mo léan. Bhuail sé an falla fén bhfuinneoig. Scaoil sé arís, agus d'eitill an saighead an fhuinneog isteach ar nós fainleoige.

Rug Peadar ar an dtéid. Cheangail Tomás an chasúr den cheann a bhí ar an dtalamh, agus tharraing Peadar an casúr aníos chuige. Ansan cheangail Tomás an barra iarainn den téid, agus tharraing Peadar an barra iarainn aníos chuige go mall cúramach.

Tamaillín ina dhiaich sin chuala na páistí glór buillí ar ghlas an dorais; agus i gceann cúpla neomat bhí an glas briste. Doscail an doras mór iarainn, agus rith an bhean óg amach. Phóg sí an bheirt. Rug sí barróg orthu, agus thóg sí isteach sa chailsleán iad. Thug sí isteach i seomra mór breá iad, go raibh tine mhór bhreá ar lasadh ann, agus bord mór á lúbadh fé bhia i lár an tseomra. Bhí géanna rósta ar an mbord, agus muc ramhar rósta. Bhí miasa móra prátaí agus glasraí de gach uile shaghas air; agus bhí buidéil lán de gach sórt deoch ar an mbord leis. Sea, agus bhí cístí móra milse nár facthas a leithéid in aon áit eile riamh ná ó shin.

Suipéar An Fhathaigh a bhí ann. Bhuel, d'ith Tomás agus Eibhlín suipéar breá, an suipéar a b'fhearr dá raibh acu riamh; agus le linn bheith ag ithe dhóibh, chriochnaigh siad a scéal
iontach.

Bhí áthas ar an mhnaoi óig; aguis bhí áthas an domhain ar Pheadar. Bhí an fear bocht ag sileadh na ndeor le neart áthais. Deich mblianna ina sclábhaí; agus anois bhí sé saor. Saor. Sea, cé go raibh slabhraí móra iarainn ar a chosa, nár leigh dó siúl ach go mall is le dua mór.

Shuigh an ceathrar cois tine ansan, agus d'inis an óig-bhean a scéal. Níor fhéad an ceathrar an caisleán d'fhágaint an oíche sin. Bhí sé ró-dhorca; agus ní fhéadfadh siad a slí a dhéanamh tríd an gcoill. Mar sin, shuigh siad go compordach cois na tine, agus d'inis an óig-bhean agus Peadar a scéalta féin dos na páistí.

An óig-bhean a thosnaigh. Níl mórán le rá agam-sa," ar sise. "Sile Ní Riain is ainm dom. Cónaím in áit a nglaotar Móin an Óir air. Tá réimse talaimh ag m'athair agus tigh mór breá, agus níl cur síos ar an méid airgid atá aige. Níl de chlainn ag m'athair agus ag mo mháthair ach mé féin; agus mar sin, beidh saibhreas mór agam-sa uair éigin."

"Ach sin é a tharraing an mí-ádh orm," do lean an óig-bhean. Chuala An Fathach Rua
mar gheall orm, agus seachtain ó shin d'fhuadaigh sé leis mé, nuair bhíos ag marcaíocht ar imeall na coille. Chuir sé i bpriosún anso mé, agus thug sé a mhóid go gcuirfeadh sé chun báís mé muna bpósadh mé é fé cheann coicíse. Cheap sé go mbeadh mo chuid saibhris aige dá bpósainn é. Gealt atá ann; agus muna mbheadh mo chara Peadar anso, bheinn marbh, nó i m'ghealt, roimhe seo.

"Agus ní raibh seans dá laighead ann go dtiocfadh éinne I gcabhair orm anso. Ní fios d'éinne cad a thárla dom.Tá gach éinne cinnte go bhfuil an Fathach Rua marbh le dhá bhliain. Fuarthas cnámha fhir mhóir ar imeall thiar na coille dhá bhliain ó shin; agus ón am sin i leith, bhí gach éinne cinnte nach raibh Fathach ar bith sa choill.

"Níl aon rud eile le rá agam-sa, a pháistí; ach tá scéal iontach le rá ag bhur n- athair, a thug cabhair mhór dom ó rug An Fathach leis anso mé."

Sheas Peadar, agus shiúl sé síos suas an seomra cúpla uair. Bhí a cheann cromtha aige, agus ba léir go raibh brón mór ar a chroí. Ansan chuaigh sé, agus d'inis sé a scéal. Agus is iomai deor a líon a shúile le linn an scéal chéanna.

"Deich mbliana O shin," do thosnaigh sé, "bhí saol sona suairc agam. Bhí tigin beag deas agam ar imeall thuaidh na coille; agus ins an dtigín sin bhí mé féin is mo mháthair is mo bhean chéile ionmhain is triúr páiste. Bhí deartháir eile agaibh a pháistí mo chroí an uair sin. Bhíos i m'fheadhmanach ar an gcoill agus bhí tuarastal maith agam,.

"Ní raibh Séamaisín ach cúig bliana d'aois an t-am san. Lá amháin, nuair a bhí sé ag súgradh sa pháirc atá ar chúl an tí, thit rud úafásach amach. Rith madra mór fíochmhar amach as an gcoill. Sciob sé leis ina bhéal an páiste. Bhí bhur máthair, a pháistí, sa pháirc leis. Chonaic sí a maicín á scuabadh chun siúil ag an madra mór. Leig sí béic uafásach aisti, agus rith sí ina ndiaidh."

Stad an fear bocht, agus an gol á thachtadh. Tar éis tamaill, lean sé dá scéal. Bhí mise sa tigh. Chualas an béic, agus ritheas amach. Fuaireas radharc ar mo mhnaoi ag rith isteach sa choill, ach b'shin a chonaic mé. Rugas ar tuah agus ritheas ina diaidh.

"Níorbh fhada go dtáinig mé suas léi. Í ina luí ar an dtalamah, gearradh mór ina scórnaigh. Chuaigh mé ar mo ghlúnaibh in aice léi. D'oscail sí a súile. D'inis sé a scéal gearr uafásach dom. Léim an madra uirthi…… Rug sé ar scórnaigh uirthi… Leag sé ar an dtalamh í …… D'imigh sé le Séamaisin. Agus thit bhúr máthair bocht marbh im' bhaclainn.

"Sheas Peadar arís, agus níor fhéád sé leanúint dá scéal go ceann i bhfaid. Ach sa deireadh shuigh sé, agus thosnaigh sé ar a chuntas arís.

Bhuel, bhailigh mé na comharsain, agus na gárdaí. Cuardaíomar an choill go léir. Ach tuairisc an mhadra nó mo pháiste ní raibh le fáil in áit ar bith - cé gur cuardaíomar an áit seo. Ach bhí an caisleán follamh an t-am sin.

Diaidh ar ndiaidh d'éirigh gach duine as an dtóir - ach mé féin. Bhíodh mé amuigh dé ló is d'oiche; agus lá amháin, in aice leis an áit seo, chonaic mé an madra mór. Chonaic sé mise agus thug sé fogha fúm.

“Bhíos ar buile, nuair chonaic mé an madra. Tháinig neart seachtar fear ionaim; agus nuair léim sé chun bhreith ar mo scórnaigh, do scoilt mé a cheann ina dhá leath le builleadh den tuaigh a bhí im’ láimh. Thit sé marbh ar an dtalamh ag mo chosa.

“D’fhanas tamall ag féachait air, díoltas dearg im’ chroi, agus níor thugas fé ndeara Fathach mór rua ag teacht trid an gcoill ar mo chúil. Rug sé orm, agus is beag nár thachtaigh sé mé. Bhí sé ar buile. Bhíos cinnte go raibh sé, cun mé a mharú. Go tobann thosaigh sé ag gáire agus chraith sé mé amhail a chraithfeadh madra francach.”

“Tá mo mhadra, mo chara is mo chosaint marbh agat, ar seisean. “Bhuel, beidh tú id’ mhadra agam anois go dtí go bhfaghaidh mé madra eile.” “Agus táim im’ sclabhaí aige ó shin.” Stad Peadar arís.

Agus cad a dhéanfadh An Fathach? Cá bhfuair sé an madra mór eile? Cathain a tháing sé chun chonaithe anseo?” do cheistigh na páistí.

“Goideadh sé agus robáileadh sé a raibh ag muintir an cheantair. Is d’oíche d’obraíodh sé i gcónaí. Is iomaí fear a mhairbh sé, agus bhí sé chomh cliste sin nár fhág sé riamh rian nó lorg a scéithfeadh air.

Ní raibh aige i dtosach ach bothán. Ach diaidh ar ndiaidh, de réir mar bhí an saibhreas ag teacht isteach, bhí sé ag cur troscáin ins an gcaisleán seo, agus ag déanamh réidh chun teacht chun chonaithe ann. Seacht mbliana ó shin, tháinig sé anseo.”

“Ach cá bhfuair sé an bia agus na hearraí a bhíodh ag teastáil uaidh?” arsa Tomás.

“Robáileadh sé a raibh le fáil aige sa tslí sin; agus thagadh firín beag gránna go dtí an caisleán go minic. Eisean a cheannaíodh sa Bhaile Mór pé rud a bhíódh ag teastáil ón bhFathach.

Níor fhéad Peadar a shúile a choimeád ón mbeirt. Agus nuair bhí deireadh le ceisteanna na mná óige, do tháinig sé in aice le Tomás, agus d’féach sé go géár air. Cheistigh sé é féna áit chonaithe, féna shean-mháthair, féna athair is a mháthair, agus de réir mar bhí Tomás á fhreagairt, is amhlaidh do bhí ag méadú ar an áthais a bhí ar Pheadar.

Sa deireadh, thóg sé an buachaill ina bhaclainn agus phóg sé céad uair é. Thóg sé Eibhlín ina bhaclainn ansan, agus phóg sé céad uair í.

“Ó, buíochas le Dia,” ar seisean. Mo pháistí beaga féin. Ó mo pháistí is mo mháthair. Buíochas mór le Dia is le Muire, a thug an grásta seo dhom tar éis deich mbliana sclábhaíocht, agus chuaigh Peadar ar a ghlúnaibh go humhal, agus tháinig na deora ina sruthán ar a shúillbh. Chuaigh an bhéirt pháiste agus on óig-bhean ar a nglúnaibh leis. Ansan, d’éirigh sé, agus bhris sé na slabhraí a bhí ar a chosa.

Fear meán-aosta dob ea Peadar; ach bhí cuma sean-fhir air. Bhí sé cromtha, bhí a chuid gruaige ar dhath an tsneachta; bhí na mílte ruic ina éadan. Ach bhí sé saor ón anró.`` Leis an bhfírinne a rá, bhí sé cosúil le páiste ins an slí inar dhéin sé iontas den bhogha agus den saighead a bhí déanta ag Tomás; agus níor fhéad sé stad den mholadh a bhí á tabhairt aige don bhuachaill.

Nuair a bhí an suipéar críochnaithe ag na páistí, dúirt Peadar go raghadh sé siar chun an Fathach a thabhairt abhaile. Ba chneambaire fíochmhar millteach é; ach ní fhéadfadh críostaí ligint dó bás d’fháil ar nós ainmhí. Chuaigh sé amach. Ghléas sé capall a bhí sa stábla, agus chuir sé fé chárr é. Chuaigh Tomás lena athair chun é a threorú.

Bhí an Fathach Rua i laige nuair shroich siad é. Tharraing Peadar an dhá shaighead amach; agus thóg sé an scian fhada ghéar as cris An Fhathaigh. Ansan dhoirt sé braon uisce beatha síos scóirneach an fhir ghonta; agus ba ghearr gur oscail seisean a shúile. Bhí sé trína chéile. Bhí sé chomh lag le sop. Bhí sé buailte briste ceansaithe sa deireadh.

Cuireadh isteach sa charr é, tar éis a lán trioblóide. Tugadh abhaile é, agus cuireadh ina luí ar thocht é in aíce na tine. Thug Peadar céad-cabhair dó; agus ansan thit an Fathach ina chodladh.

“Dhá bhliain ó shin, fuair An Fathach madra óg iontach. Bhí sé chomh mór le hasal, agus chomh láidir le capall. Ach bhí sé chomh ciúin le leanbh. Thréanáil sé an madra, agus i gceann tamaill bhí an madra céanna chomh fíochmhar le leomhan, agus dhéanfadh sé aon rud a dheireadh a mháistir. Agus bhí an Fathach ag smaoineamh ar mé a mharú lá éigin go luath; bhí seirbhíseach eile aige.”
D’iompaigh sé chun Tomáis. “Shábháil tú t’athair inné, a chuid,”, “ar seisean ag breith barróige ar a mhaicín. “Agus shábháil tú mise, arsa an óig-bhean. Go mbeannaí Dia thú.”

Chuaigh siad a chodladh ansan; an óig-bhean agus Eibhlín i seomra amháin, agus Tomás agus a athair i seomra eile. Siad na seomraí céanna a bhí feistithe go breá compordach saibhir.

Lá ar na bhárach chuardaigh siad an caisleán. Bhí seoda agus ór agus airgead thar cuimse ann; agus ornáidí iontacha ina mílte. Ach níor bhac an ceathrar le haon rud. Níor leo aon phingin den tsailbhreas sin. Tabharfad siad do lucht an dlí an saibhreas go léir.

Ansan chuaigh an ceathrar go dtí tigh na hóg-mhná. Ní raibh teora leis an átbas a bhí ar a mhuintir; agus nuair a chuala siad a scéal thug siad carn airgid do Pheadar agus do Thomás agus do Eibhlín.

Thug an óig-bhean brontanas fé leith don triúr. Thug sí capall mór luachmhar do Pheadar, agus thug sí dhá chapillín dubha iontacha don bheirt pháiste. Ansan d'fhág an triúr slán ag a gcáirde, agus as go bráth leo ar nós na gaoithe, ar a gcapallaibh.

Bhí áthas an domhan ar an sean-mháthair a clann bheith slán. Bhí sí cinnte nach bhfeicfeadh sí arís go deo iad.

Chuaigh Peadar ansin chuig na gárdaí, agus d'inis sé a scéal dóibh. Chuaigh siad-san go dtí an caisleán, agus fuair siad an Fathach gonta. Cruthaíodh go raibh sé as a mheabhair, agus cuireadh i dtigh na ngealt é. Is cosúil go bhfanfaidh sé ann go deireadh a shaol.

Tugadh an saibhreaas do na daoine ar leo é; ach fuair Peadar is Tomás is Eibhlín bronntanas mór óir is airgid.

Táid sona sásta saibhir anois. Tá tigh mór nua tógtha acu ar imeall na coille, agus ní baol dóibh madra mór nó Fathach fíochmhar. Níl ach aon chúis amháin bróin acu: Séamaisín bocht, a sciobbadh uathu deich mbliana ó shin, agus nach bhfuarthas táisc ná tuairise air ó shin. Act tá Tomás agus Eibhlín lán de dhóchas nach bhfuil Séámaisín marbh - cé go bhfuil gach éinne eile cinnte go bhfuil - agus tá socair acu dul ar a Thóir uair éigin.

Tá siad amhrasach fé fhirín beag gránna, tá's agat –ach sin scéal eile ar fad.

Lá ar an loch - Capall Nua

Chuaigh Seán síos go dtí an loch lá ar a rothar. Thug sé leis arán agus siúcra, ím agus bainne agus té, citeal, bosca lasáin, cupán, scian agus spúnog. Dúirt sé go mbeadh picnic aige in aice leis an loch.
Nuair a tháinig sé go dtí an loch, chonaic sé bád ar snámh ar an uisce. Bhí maidín rámha istigh inti. Dúirt sé go raghadh se amach ar an loch agus go mbeadh picnic aige ar oileán a bhí tamall amach ó bportach. Bhailigh sé cipíní – bhí eagle air nách mbéadh cipíní ar an oileán. Chuir sé na rudaí go léir isteach i dtóin an bháid agus léim sé isteach. Rug sé greim ar na madaí rámha agus I gceann tamaillín bhí sé amuigh ar an loch. Bhí an lá an-bhrothallach agus bhí tuirse agus tart ar an mbuachaill. Dúirt sé go mbeadh cupán té aige.

Shocraigh sé na cipíní i dtóin an bháid. Fuair sé blúiríní páipéir agus las sé tine. Chuir sé an citeal ar an tine le fiuchadh. Luí sé síos I dtóin an bháid agus agus thit a chodladh air.
Do dhódh an tine poll ins an mbád. Tháinig an t-uisce isteach. Dimigh an bád fé uisce.
dhúisigh Seán go tobann agus é ar snámh ins an uisce. D'fhéach sé timpeall. Bhí an bád imithe. Síos, síos, síos Leis an mbuachaill go dtí tóin an locha. Cár thit sé ach ar bhradán mór a bhí ina chodladh I dtóin an locha.

“Cad bhfuil tú ag dul?” arsan bradán? “Nach raibh an loch mór go leor duit?”
“Éist do bhéal,” arsa Seán, agus thug sé greím daingean docht ar an mbradán. “Tóg abhaile mé go tapaidh,” arsa Seán “Ní thógfaidh mé,” arsan mbradán. “Tóg abhaile mé,” arsa Seán. Bhí biorán ina chóta aige. Thóg sé amach an biorán agus sháith sé isteach ins an mbradán é. “Ó,ná mairigh mé,,” arsan mbradán agus suas leis ar nós na gaoite go gtí barr an uisce. Shnámaigh sé go tapaidh ar ais go atí an cósta. Bhí sé ag gluaiseacht chomh tapaidh sin nach raibh sé ábalta stad agus rith sé suas ar an bport.
Bhí tigh tabhairne in aice leis an áit. Thóg Seán an bradán suas go dtí an tigh tabhairne. Cheannaigh sé leath-ghloine usice beathe dó. Cheannaigh buidéal lemonade dó féin. D'ól an bradán an t-uisce beatha. D'ól Seán an lemonade.

Tar éis tamaill bhí an bradán ar meisce agus bhí sé ag titim ó thaobh go taobh agus é ag iarraidh siúil. Sa deire shleamhnaigh sé isteach ins an uisce agus d'imigh sé.
Léim Seán ar a rothar agus tháinig sé abhaile.

Mar A Déalaigh Tomás Ón Tarbh

Lá amháin chuaigh Tomás Ó Briain amach ag fiach coinin. Bhi a mhadra beag Spota leis. Tháinig sé go dtÍ páirc mhór go raibh a lán sceach ina lár istigh. Léim sé isteach thar gheata agus lean a mhadra é. Chuir Tomás an madra ag rith anseo agus ansúd féachaint an raibh aon choinín sa pháirc, ach rian de choinín ni raibh le fáil.

Cheap Tomás go mb'fhéidir go mbeadh coinin sna sceacha. Rith sé suas an pháirc agus chuir sé an madra isteach sna sceacha. Lean sé féin an madra. Is beag nár thit sé as a sheasamh nuair a chonaic sé tarbh mór dearg ina luí istigh i lár na sceacha. Chúlaigh Tomás agus eagla ina chroí ach chonaic an tarbh Tomás. D'éirigh sé. Thosaigh sé ag reabadh an talún lena adharca agus lena chrúba.
Bhi fearg air. Bhí an fhearg le feiceáil ina dha shúil. Bhí Tomás ar chrith agus é ag culú i gcónaí.

Thosaigh an tarbh ag búirthigh agus thug sé fogha faoi Thomás. Diompaigh Tomás agus rith sé ar nos na gaoithe i dtreo an gheata. Rith an tarbh ar a thóir.
Ba ghearr go raibh tuirse ar Thomás agus bhí an tarbh ag teacht suas leis go tapaidh.
Thárla go raibh Micheál Ó Gliasáin ag dul abhaile tar éis bainne a dhíol.
Bhí sé ina shuí sa charr ar a sháimhin só agus é ag canadh ós ard.

Is beag nár thit sé as an gcar nuair a chonaic sé an buachaill beag ag rith i dtreo an gheata agus tarbh mór dearg ar a thóir.

"Dar fia," arsa Micheál, "marófar an buachaill cinnte!"
Léim sé as an gcar. Scaoil sé an capall on gcarr Léim sé suas ar a dhroim Léim sé isteach thar an ngeata agus trasna na páirce leis ar nós na gaoithe.

Bhí Tomás bocht i ndeireadh na feide. Bhí an tarbh ag teacht suas leis i gcónaí, ach má bhi, bhí Mícheál ag teacht suas leis an tarbh anois. D'oscail Micheál ceann den srian a bhí ar an gcapall. Dhein sé lúb ann. Chaith sé an lub timpeall a chinn.

Bhí an tarbh díreach ar tí na hadharca a thabhairt do Thomás, agus bhí Tomás bocht ar ti titim i bhfanntais, mar bhí an buachaill bocht i ndeireadh na feide. Nuair a chaith Mícheál an srian, scinn an lub

trid an aer agus thit sé go cruinn aireach síos ar mhuinéal an tairbh.
“Hói! arsa Micheál. Stad an capall go t-obann. Tharraing Micheál an srian go t-obann. Go t-obann leagadh an tarbh mór dearg agus d'iompaigh sé i ndiaidh a chinn tri huaire. Ansin stad sé gan cor as.

Léim Micheál síos. D'árdaigh sé Tomás agus chaith sé suas ar an gcapall é. Léim sé féin suas ansin agus d'imigh an bheirt acu trasna na páirce ar nós na gaoithe. Léim an capall amach ar an mbóthar mór. Bhi siad slán.

Tar éis tamall tháinig Tomás chuige féin agus thug Micheál deoch mór bainne dó. Bhí an buachaill bocht ceart go leor ansin agus d'imigh sé abhaile.

Chuir Micheál an capall faoin gcár: Cheangail sé an srian arís. Shuigh sé in áirde ar an suíochán agus d'imigh sé abhaile ar a sháimhín só agus é ag canadh go hárd.

Cá raibh Spota? Ní fhaca Spota an eachtra in aon chor. Bhi sé roghnóthach. Bhi sé tar éis coinín móar a réabadh as poll. Nuair nach raibh Tomás le fáil chun an choinín a iompair abhaile rug Spota air ina bhéal agus d'iompair sé féin abhaile é. Nach ar Thomas a bhí an t-áthas agus an t-ionadh nuair a shiúl Spota an doras isteach chuige agus an coinín breá mór ramhar ina bhéal aige. Bhí gach duine sona sásta aris.

Lán A Mhála

Tráthnóna breá samhraidh do bhí ann, nuair a bhí páistí, Tomás Ó Néill agus a dheirfiúr Cáit, ina suí ar bhruach na hAbhann Oire a bhí in aice lena dtigh. Ag féachaint ar na bric a bhí ag léimnigh chun breith ar na cuileoga do bhí an bheirt.

Go tobann chonaic Cáit rud éigin ag teacht anuas leis an sruth. Thaispeáin sí do Thomas é. Mála do bhí ann. Ba Léir go raibh rud éigin istigh ann, agus bhí an béal ceangailte le téad.

Cad a bhí ann? Madra marbh, nó cat marbh, b'fhéidir. Ach féach. Tá sé ag corraí. Tá rud eigin beo istigh ann.

Bhí an abhainn doimhin agus leathan, agus bhí an mála ina lár istigh. Ach bhí an snámh go maith ag Tomás, agus gan neoméad a chailliúint bhí a chóta is a bhróga bainte dhe aige, agus bhí sé ar snámh amach chun breith ar an mála. Rug sé air, agus ba ghearr go raibh sé ar an mbruach arís, an mála ina láimh aige.

Bhí rud éigin ag léimrigh istigh ann, agus chuala siad caoineadh íseal géar. I bpreib na súil bhí an mála ar oscailt acu, agus líonadh a súile le deora nuair a chonaic siad cad a bhí istigh ann : cúig coileainíní, tri cinn marbh agus an dá cheann eile í mbaol an bháis.

Thóg Tomás ina bhaclainn an dà cheann a bhí beo. Thrimigh sé iad lena lámha. Shéid se ortha chun iad a théamh. Ach fóiríor, thit ceann acu marbh ina ucht istigh. Ní raibh fágtha ansan ach an t-aon cheann amháin, agus ba léir nach ró-fhada uaidh sin a bhí an bás.

"Ó, cad is féidir a dhéanamh leis?" arsa Cáit agus na deora móra lena súilibh. "Is eagal liom go bhfaghaidh an créatúirin bás leis.

"Braon uisce beatha, nó braoinín baine te a shábhálfaidh é," arsa Tomás. Caithfimid brostú, agus leis sin, chuir sé air a chuid éadaigh, Dfháisc sé an coileán lena ucht, agus abhaile leis ar nós na gaoithe, Cáit ar a shúlaibh.

Ar shroichint a dtigh féin don bheirt pháiste, rith siad an doras isteach agus saothar orthu. Bhí a máthair ag ullamhú an tsuipéir agus nuair a chuala si an fothram amuigh tháinig imní ar a croí, mar bhí eagla uirthi go raibh timpist éigin tar éis titim amach.

“Ó, a mhaimi, féach an rud a fuaireamar san abhainn," arsa an bheirt daon guth. Nach gleoite an coileáinín é”

“Tabhair duinn deoch bainne ina choir," arsa Cáit “Tá sé ag fáil bháis leis an ocras."

“Ní ocras ach fuacht atá air," arsa Tomás. “Ní dheinfidh aon rud maitheas ach braoinin uisce beatha. An bhfuil braoinin beag bideach agat, a mhaimí?” Agus le línn a chuid cainte tharraing sé an coileán amach ón a ucht.

Is da dheiseacht iad, agus leis an bhfirinne a rá, níor ró dhathúil an créatúirín
a bhí ina bhaclainn ag Tomás. Ní raibh a shúile ar oscailt aige, agus bhí an ghruaig fliuch greamaithe dá chorp, agus bhi éadan garbh gránna air.

Tháinig déistin ar an mhnaoi choir. “Caith uait é, a Thomáis," do scread sí. Caith uait an ruidín suarach salach. Caith amach sa chlós é láithreach; ni leigfidh mé don rud cránna an chistin a shalú."

Líonadh súile na beirte le deora móra, agus bhí a gcroi á briseadh le brón.
Chuaigh siad bog is cruaidh ar a máthair a ligint dóibh an coileáinín
bocht a cur cois na tine is deoch te a thabhairt dó. D’inis siad di conas a fuair siad é, agus thit na deora go fluirseach agus iad ag cur síos ar bháis an choileáinin eile a bhí beo nuair doscail siad an mála.

Bhi a máthair ar buille nuair a chuala sí gur shnámh Tomás amach go lár na habhann. Bhagair sí an tslat air agus chuir si an ruaig air chun éadach tirim a chur air. Ach I ndeire na dála, ghlac si trua don bheirt, agus lig sí dóibh braoinín bainne a thabhairt don choileán agus é a chur cois na tine.

Bhí riméad ortha. Phóg siad a máthair, phóg siad an coileáinín is phóg siad a chéile. Chuir siad braoinín bainne te ar spúnóg agus chuir siad síos scórnach an choileáinín é. Ansan fuair siad bosca beag. Leath líon siad le holainn é, chun leaba bhog chompordach a dhéanamh. Chuir siad an coileánin isteach ann,

agus chlúdaigh siad le holainn é. Ansan dfhág siad le hais na tine é.

Díreach nuair bhí sé sin déanta acu, tháinig a n-athair isteach. Nior fhéad sé gan gáire a dhéanamh nuair a chuala sé an scéal. Dfhéach sé ar an gcréaturín. “Nach sibh-se na h-amadán, ar seisean, "bhur marú féin ag iarraidh an créathuirín bocht sin a shábhil?” sin ceann den ál gan mhaith a bhí ag Seán Rua. Leath-ghabhair is leath- chona iad. Nach sibh-se na hamadán.
An bhfuil cead againn é a choimead, a Dhaid? dímpigh an bheirt?

Dhein an t-athair gáire, tabhair aire mhaith dhó, a pháistí," ar seisean. Má tá sé beo i gceann uaire a chloig tá dul amú mór orm," agus shuigh sé síos chun a shuipéar a ithe.
Roimh dul a chodladh don bheirt pháiste, thug siad braoiníin eile bainne don choileáinín, shocraigh siad go compórdach é, agus dfág siad I choimirce Dé é.

Ní ró mhaith do chodail Tomás an oíche sin, Déirigh sé ag a dó dhéag, chun féachaint ar a pheata; agus déirigh sé aris ag a trí. An uair sin, bhí an coileáin ana lag, agus dullmhaigh Tomás deoch te dhó. Ansan chuir sé paidir suas chun Dé a iarraidh Air an colleáinín do shábháil. Chuaigh sé a a codladh agus é ana shásta leis féin.

Ar maidin, bhí ionadh ar gach duine den líon tí a fheiscint go raibh an coileánín feabhsaithe go mór agus ní bréag a rá go raibh áthas an domhain ar Tomás is ar Cháit. An Satharn a bhi ann agus bhí an bheirt saor ón scoíl agus chaith siad an lá ag tabhairt aire dá bpeata. Thug siad an aire chéanna agus a thabharfadh máthair do leanbh breoite. Bhi a rian ar an gcoileáin. Bhí sé saor ó bhaol an oíche sin.

I gceann seachtaine, bhí an coileán ana láidir. Bhí na súile ar oscailt aige, agus cuireadh amach sa scioból é i mbosca mór a compórdach a dullmhaigh Tomás agus Cáit ina chóir.

Dimigh seachtain eile. Dimigh mí agus bhí an coileán ag fás go tapaidh. “Lán a mhála" an t-ainm a thug na páisti air, toisc go bhfuaireadar i mála é agus ba ghearr gur aithnigh an coileáin a ainm.

Lá amháin bhí an bheirt phaiste ag súgradh le Lán a mhála I gclós a dti. Bhi sé cúig mhí an uair sin, é mór, láidir, aicilli, agus cé go raibh sé gránna i gcónaí bhí sé cinealta tuisceanach.

Tháinig Seán Rua isteach sa chlós le athair na páistí. Stad sé tamall ag féachaint ar an gcoileán.

"Bhuel, a Sheáin," arsa an t-athair, agus gáire ina ghlór, "An bhfuil aiféala ort nár choimeád tú Lán a mhála.

Bhi féachaint aisteach in aghaidh Sheáin. Ghlaoigh sé ar an gcoileán, Dfhéach sé air go géar. Thóg sé ina bhaclann é. Dfhéach sé ar a chosa. Diompaigh sé chun an fhear eile.

"A Liam" ar seisean. "ní thuigim é seo in aon chor.

Cú do bhí mar mháthair ag na coileáin ach bhíos cinnte go mba gadhar caorach a n-athair. Bhíos cinnte go mbeadh siad gan mhaith - sin é an chúis gur shocraigh mé ar iad a bhádh. Ach féach is cú cheart dílis í an coileáin seo.

Má thuigim an scéal is cú ceart í. A Liam tabhair aire dó. Tá dul amú orm muna dhéanfaidh sé cú iontach amach anseo.

Bhí áthas an domhain ar na páisti nuair a chuala siad gur cú cheart a bhí i Lán a Mhála, agus cé nár chreid an t-athair focal a nduirt Michéal chreid na paistí gach focal, agus bhí siad lán cinnte go ndéanfadh Lán a mhála cú iontach nuair a bheadh sé fásta suas.

Bhí goile maith ag Lán a mhála, agus is mór iad na béile a ditheadh sé gach lá.
De réir mar bhi an cú ag fás, bhí an grá a bhí ag na páistí dó ag méadú.

Is amhlaidh a bhí a máthair agus a n-athair ag éiri tuirseach dhó. Ba mhaith leó é a thabhairt don chéad duine a thiocfadh ; ach ba bheag duine a ligfeadh an cú grána isteach ina thigh nó ina stábla.

Ach ní baol go ligfeadh na páistí do éinne Lán a mhála a thógaint uathu. Bhí sé ina pheata dílis acu; agus dá mba naíonán é ní fhéadfadh siad bheith níos cineálta leis. Dá mbéadh cead acu, thógadh siad an cú isteach sa leaba leo.

Bhuel, dfhás an cú go tapaidh. Nuair a bhí sé bliain daois, bhi se nios mó agus níos láidre ná cú ar bith sa

cheantar. Sea, agus bh sé chomhi tapaidh leis an ngaoith. Thógadh Tomás agus Cáit amach é ag fiach coinín; agus nuair a bhí taithí aige ar an obair, phiocadh sé suas coinín chomh luath is leagadh sé súil orthu. Ní raibh lá a chuaig na páist amach leis nár mhairbh sé ualach mór coinín dóibh.

Lá amháin, bhí Tomás ag fiach coiníní, é féin agus Lán a Mhála. Mhairbh an cú ceithre coinín, agus ansin chuaigh siad isteach I bpáirc mhóir. Dúirt Tomás leis féin go raghadh sé tré lár na páirce go dtí cnoc beag a bhí clúdaithe le raithinigh. Bhiodh coinín ar an gcnoc sin i gcónaí.

Bhí Lán a Mhála ag rith anseo agus ansiúd, a bhéal le talamh, a eireaball san aer, agus cuma neamh-shuimiúil air. Go tobann Dárdaigh sé a cheann, sheas a chluasa suas díreach agus sul a thuig Tomás cad a bhi cearr, léim giorria mór suas as an bhéar agus dhein sé ar an gcnoc ar nós na gaoithe. Siúd le Lán a Mhála ar a thóir ar nós saighead as bogha.

Bhí an giorria mear, ach bhí Lán a Mhála níos mire. Bhí sé go hiontach ar a chosa. Ní raibh an giorria Imithe céad slat nuair a tháinig sé suas leis. Bhí sé deich slata on ngiorria. Bhi sé ar a shálaibh. Thug sé léim as a chabhail chun breith air, ach diompaigh an giorria ar leath-taobh, agus toisc nach raibh Lán a Mhála glic go leor fós, dimigh sé ar aghaidh cúig slat ar bharr a chinn. Nuair a chas sé, bhí an giorria dachad slat uaidh; ach ba ghearr go raibh Lán a Mhála ar a shálaibh arís. An t-am so, bhi a cheacht foghlamaithe aige, agus nuair dhéan an giorria iarracht casadh uaidh, sciob sé suas ina bhéal é. Rith sé thar n-ais go dti Tomás, agus leig sé an giorria ag cosa a mháistir.

Bhí áthas an domhain ar Thomás. Mhol sé an chú go mór. Chimil sé a cheann lena bhais, agus gheall sé dhó go dtabharfadh sé suipéar breá dhó nuair a shroichfeadh siad an tigh.

Bhi ionadh mór ar athair agus ar mháthair Thomás nuair a chonaic siad an giorria, agus bhí riméad ar Cháit. Mise fé go bhfuair Lán a Mhála suipéar iontach an oiche sin.

Thárla go raibh Mícheál Rua ag féachaint ar Lán a Mhála ag marú an ghiorria. Bhí ionadh an domhain air. Fear do bea é a thig gach aon rud a bhain le conaibh, agus ba shoiléir dó go raibh Lán a Mhála iontach mear. Ní fhaca sé riamh roimhe sin cú a bhí chomh tapaidh leis.

An oiche sin, nuair bhi obair an lae thart, tháinig Mícheál go dti tigh na bpáiste.

Cuireadh fáilte roimhe mar ba ghnáthach.

"A Liam, arsa Mícheál chomh luath is a bhí sé ina shuí sa chathaoir móir cois na tine, "A Liam ar seisean leis an athair, chonaic mé Lán a Mhála ag obair inniu."

Féach, arsa Tomás go bródúil; agus é as taispeáint an giorria do Mhicheal.
Nach breá é "Is breá, gan amhras, arsa Mícheál, ag breith ar an ngiorria, agus ag féachaint go géar air. Sea, sé atá ann a cháirde, tá sean-eolas agam ar an ngiorria seo. Dob iontach an giorria é. Bhuaigh sé ar gach coin sa cheantar. Mí ó shin leig mé an dá choin a bhfearr a bhí agam a chur ar a thóir, agus dimigh sé uathu gan saothar a chur air féin. Agus inniu maraíonn cú óg é go héasca. A chairde, tabhairgí aire mhaith do Lán a Mhála. “Sé mo thuairim é gurb é an chú is fearr dá bhuil sa tír anois é; agus muna mbuaidfidh sé carn airgid díbh, ní thuigim-se aon rud fé ainmhithe.

Bhi fear eile ag féachaint ar Lán a Mhála an lá chéanna agus é ag marú an ghiorria. Fear mór gránna dob ea an fear sin, a raibh droch-fhéachaint ina shúillibh aige. Go hiontach," a dúirt sé leis féin, "go hiontach" agus dimigh sé abhaile go dtí a thigh mór breá agus droch-fhuadar fé . Bhí rún ina chroí Lán a Mhála dfháil ar ais nó ar éigin.

Shiúl an fear mór gránna abhaile go mall réidh. Ón bhféachaint a bhí ina shúilibh, ba léir go raibh sé ag smaoineamh go doimhin ar rud éigin.
Bhí Seán de Brún gránna gan dabht, gránna ón a shrón mhóir dheirg go dtí a chosa mora liobarnacha.

Ni raibh fhios ag éinne tada fé. Sé mhí sul ar thosnaigh ár scéal, cheannaigh sé an tigh mór breá uaigneach a bhí aige i measc na gcnoc. Ní chuireadh sé isteach no amach ar éinne.
Ní leigtí éinne taobh istigh don fhalla árd a bhí timpeall ar an bhfeirm mhóir a bhí” aige agus “Ni théadh sé féin taobh amuigh den fhalla chéanna ach go fíor annamh, nuair théadh sé go dtí an chathair ina ghluaisteán mór brea. Sea ní raibh fhios ag éinne tada fé. Ach bhi muintir na háite abhrasach fé agus bhíodar amhrasach fén ngiolla amháin fada caol dubh dúr a bhí aige, Liam Dubh, a dheineadh obair an tí go léir.

Ar shroichint a thigh mhóir do Sheán, Chuaigh sé isteach ina sheomra féin, agus ghlaoidh sé ar a ghiolla. Shleamhnaigh Liam isteach ar nós eascon, gan fuaim dá laighead a dhéanamh. Labhair an bheirt ós íseal

go ceann leath-uair a chloig.
Ansan dúirt Liam. "Is d'oiche amáirach ar seisean." Beidh gach rud réidh"

Tráthnóna an lae ina dhiaidh sin, chuaigh Tomás amach ag fiach mar ba ghnáthach leis. Bhí' Lán a Mhála lena chois. Níor chuir an buachaill suim ar bith ins na coiníní a bhí go flúirseach ins gach áit. Giorria a bhí uaidh anois, chun an chú a thriail.

Ach ní raibh giorria le feiscint. Tháinig siad go dtí an falla mór a bhí timpeall feirm Sheáin De Brún. Ní raibh Tomás taobh istigh riamh. Bhí poll sa bhfalla. Bhí páirc mhór istigh agus féar árd gharbh inti. Bfhéidir go mbeadh giorria istigh.
Ní raibh éinne le feiscint, agus dúirt Tomás leis féin go raghadh sé isteach. Isteach leis, Lán a Mhála ar a shálaibh; ach cé gur shiúl siad an pháirc, ni raibh giorria le fáil.

Chuaigh Tomás isteach I gcoill bhig. Shiúl sé tríthí, agus sul a raibh fhios aige cá raibh sé bhí sé ag doras mór a bhí ag dul isteach go dti cúl an tí. Bhí Tomás fiosrach. Déalaigh sé go dti an doras. Bhí scoilt ann.

Dfhéach sé isteach. Ni raibh le feiscint tríd an scolit ach gluaisteán. Gluaisteán mor, agus a lán mála! agus bosca mor in aice leis.

Ó Fear mór gránna: Fear eile, Fear ard caol dubh. ó tá siad ag caint. Cloiseann Tomás corr-fhocal.....An chú..... An bosca so..... Anocht a trí. Gáirean an fear ard caol....an chú is fearr da bhfuil in Éirinn agus gan glas ar an sean-bhothán ina bhfuil sé.....

Níor chuala Tomás a thuilleadh, mar dimigh an bheirt isteach chun an tí. Níor theastaigh uaidh a thuillead a chlos. Déalaigh sé siar tríd an gcoill; Shroich sé an poll a bhí sa bhfalla. Léim sé amach; agus as go bráth leis abhaile ar nós giorria.

Bhí Tomás tuirseach, traochta, nuair shroich sé a thigh féin. Ní raibh istigh ach Cáit, mar bhí a h-athair is a máthair imithe go dtí an baile mór. Dinis Tomás an scéal do Cháit.

"Ó, a Thomáis," ar sise, "caithfimid scéala a chur chuig na Gárdaí láithreach. Raghaidh an bheirt againn. Bheadh eagla ormsa dul im aonar. Sea rachaidh an bheirt again chuig na Gárdaí, agus tabharfaimid Lán a

Mhála linn. Rachaimid anois díreach, arsa Tomás, agus as go bráth leo."

Bhí Sairsint Ó Néill sa bhearraic rompu, agus dinis siad an scéal go léir dó. Déist sé go foighineach leo, agus nuair a bhí críochnaithe acu, thóg sé a phiopa as a bhéal, agus ar seisean go mall réidh, “Hmph an mar sin atá an scéal? Tá mé le fada amhrasach faoi Seán uasal de Bhruan ach rithigí abhaile, agus ná habraigí focal le héinne. Ní baol díbh no do Lán a Mhála. Ní bheidh mise ró fhada on tigh má thagann Seán de Bruain agus a ghiolla árd cun gadaíocht a dhéanamh.

Rith an bheirt abhaile, agus is ar éigin a bhíodar sa tigh nuair thainig a n-athair is a máthair isteach. Dinis na páisti an scéal dóibh. Níor dhein na tuismitheoirí ach gáire futhu.

Mhuise, nach sibh-se na hamadáin, arsa an t-athair. "Seo, ithigí bhur suipéar agus imigí libh a chodladh."

Chuir sé an ruaig ortha, agus chuir sé Lán a Mhála amach sa bhothán is amhlaidh a bhl Tomás ag iarraidh é a thabhairt isteach sa leabaidh leis.

Níor chodail Tomás Ó Néall an oiche sin, agus ba é a chuala an fothram amuigh timpeall a trí a chlog ar maidin. léim sé as an leaba agus ghlaoigh sé ar gach éinne.

Bhí doras an bhotháin ar oscailt, agus bhí Lán a Mhála ar an mbóthar. Bhí an Sáirsint De Bhruan ina sheasamh ós comhair an ghluaisteáin amach, agus in aice leis bhi beirt Ghárda agus iad i ngreim ins an mbeirt bhithiúnach - Seán de Bruan agus a ghiolla.

Bé deireadh an scéal ná gur cuireadh an bheirt í bpriosúin. Trialadh iad, agus fuarthas amach go raibh an bheirt tar éis ór agus airgead a ghoid as a lán tithe sa chontae.

Bhí an t-ór agus an t-airgead sin sa ghluaisteán, ins na boscaí a chonaic Tomás I gclós an tí mhóir. Ní ghoidfidh an bheirt ór nó airgead arís.

Cad mar gheall ar Lán a Mhála? Dfhás sé suas ina choin iontaigh. Bhuaigh sé gach rás sa cheantar, agus mar bharr ar a ghaisce bhuaigh sé Craobh na hÉireann. Agus deirim leat gur bhuaigh sé carn airgid leis.

Bhi clú agus cáil air ar fud na hÉireann agus nuair nach raibh cú sa tir ion- churtha leis, thug Sasanach mór saibhir a raibh cú iontach aige, a dhubhshlán.

Bhí rás idir an dá choin í Sasana. Ach shabháil Lán a Mhála onóir na hÉireannaig: bhuaigh sé an rás.
Cá bhfuil Tomás agus Cáit agus Lán a Mhála anois? Sa tigh mór breá I mease na gcnoic - an tigh a bhí ag Seán De Bruan. Cheannaigh an t-athair anuraidh é. Tá saol breá sonasach ag Lán A Mhála. Tá sé ró aosta le rásaiocht a dhéanamh, ach tá sé ina rí ar an tír go léi.

Eachtraí Sheáin

Bhí buachaill ann uair. Seán ab ainm dó. Bhí cónaí air lena mháthair.
Baintreach ab ea í sin. Bhí teach beag deas acu in aice le Sliabh Luachra in Uí Chonaill Gabhra, Áit ar a tugtar Contae Luimnigh inniu.
Nuair a bhí sé bliana déag slánaithe ag Seán cheap a mháthair go raibh sé in am dó ceard a fhoghlaim. Chuir sí amach ag lorg oibre é.

Bhí dochtúir san áit agus theastaigh printíseach uaidh. Chuaigh Seán chuige. D'fhostaigh an dochtúir é agus dúirt sé go múinfeadh sé ceard na dochtúrachta dó. Bhí Seán sásta.
Buachaill cliste a bea Seán. Chrothaigh sé go maith mar ábhar dochtúra. Ba ghearr go raibh sé chomh maith sin go raibh an dochtúir á thógáil lena chois é gach aon uair a bheadh duine breoite le scrúdú aige. Bhuail siad isteach i dteach lá. Bhí fear an tí sínte sa leaba agus lí an bháis air.

Dúirt sé leo go raibh sé geall le marbh ag tinneas boilg.
Scrúdaigh an dochtúir an fear breoite. Shiúil sé timpeall an tseomra ansin agus gach aon húm agus hám as. Ar deireadh thiar leag sé lámh ar ghuala an othair agus labhair sé.
"Sea," ar seisean. "NÍ baol duit. Tá a fhios agam cad é go díreach atá ag cur ort. Tá dosaen portán ite agat!"

"Is fíor duit," arsa an fear breoite.
Thug an dochtúir buidéal leighis don othar agus ansin bhailigh sé féin agus Seán leo. A luaithe agus a bhí siad ar an mbóthar labhair Seán.
"Cárbh fhios duit dosaen portán a bheith ite aige siúd ?"ar seisean.
"Dhera," arsa an dochtúir, "ní haon ní é sin. Bhí a fhios agam deartháir a chéile a bheith ar chuairt chuige ó Dhún Chaoin i gCorca Dhuibhne agus bhí a fhios agam nach follamh a tháinig sé. Nuair a chonaic mé sliogáin na bportán faoin leaba bhí a fhios agam cén tabharthas a thug sé leis agus bhí a fhios agam cad a bhí éirithe don bhfear a bhí sínte."

Bhí sin go maith is ní raibh go holc. Tamall ina dhiaidh sin cuireadh fios ar an dochtúir. D'imigh sé ag triall ar an duine breoite agus d'fhág sé Seán i mbun an tí. Ba ghearr sur tháinig glaoch eile. Chuaigh Seán ag triall ar an othar.

Bhí an fear breoite sínte sa leaba agus san giog as. Bhí pianta sa bholg á mharú a dúirt sé. Cheap Seán gurbh fhearr dó aithris a dhéanamh ar an dochtúir. Shiúil sé timpeall agus gach aon húm agus hám as. Chaith sé súil fhéachaint faoin leaba.

“Th'anam ón Riabhach!" ar seisean, "tá capall ite agat!"
Bhí a fhios ag muintir an tí nach raibh a leithéid déanta ag an othar mar nár ith Gaeil capaill riamh. Ruaig siad as an áit Seán agus gach aon bhéic acu leis ag rá leis nach dochtúir a bhí ann in aon chor ach potanálaí.
Bhain Seán teach an dochtúra amach. Bhí an dochtúir roimis. D'inis Seán a scéal.

"Airiú, greadadh trí lár do scairt!" arsa an dochtúir. "Agus cad a bheir duit a leithéid a rá ?"
"Chonaic mé cruite an chapaill faoin leaba," arsa Seán.
Bhí an dochtúir an-mhíshásta le Seán ansin. Ní shásódh an saol é ach deireadh a chur le printíseacht Sheáin. Ní raibh aon rogha ag Seán ach imeacht as an áit. Thuig sé go maith nach mbeadh sé go bráth ina dhochtúir.

Bhuail sé bóthar féachaint cén ádh nó mí-ád a bhuailfeadh uime. Casadh duine uasal uime. Bhí an duine uasal cráite ag bithiúnaigha bhí san áit. Ba ghearr, a dúirt sé, go mbeadh sé creachta acu. Dúirt Seán go gcabhródh sé leis chun an scéal a fheabhsú.

Bhí péire bróg ag Seán. Bróga nua a bea iad. Líon sé bróg le láib agus chuir i lár an bhóthair í. Chuaigh sé i bhfolach ansin. Tháinig an gadaí. Chonaic sé an bhróg. Stad sé. Thóg sé ina láimh í.
"Is deas an bhróg í seo," ar seisean, "ach cén mhaith í nuair nach bhfuil a comráda agam ?"
Chaith sé uaidh an bhróg agus d'imigh sé. Fuair Seán an bhróg. Ar aghaidh leis arís. Tháinig sé amach ar an mbóthar agus leag sé an bhróg eile, an ceann glan, ar an mbóthar.
Tháinig an gadaí. Chonaic sé an bhróg. Stad sé. Thóg sé an bhróg ina láimh.
"O mhuise," ar seisean, "nach mé an t-amadán. Sin í an bhróg eile anois. Dá mb'áil liom an ceann eile a choimeád ó chianaibh bheadh péire anois agam."

Rinne sé machnamh ar feadh tamaill mhaith. Chuimhnigh sé ar sheift. Cheangail sé na caoirigh de sceach. Chuir sé an bhróg in aice leo agus d'imigh sé siar an bhóthair go bhfaigheadh sé an bhróg a bhí caite uaidh aige.

A luaithe is a bhí an gadaí imithe tháinig Seán thar claí amach. Thóg sé leis an bhróg agus ceann de na caoirigh. D'imigh sé leis agus thug sé an chaoire don duine uasal.
Bhí craiceann caorach mar bhrat urláir ag an duine uasal. Thóg Seán ar iasacht é. D'imigh sé leis aris gur tháinig sé roimh an rógaire amach athuair. Isteach sa choill leis. Chroch sé an craiceann thar a ghuaille. Chrom sé síos agus d'fhan sé leis an ngadaí.

Theip ar an ngadaí teacht ar an mbróg, ní nach ionadh. D'fhill sé ar an áit inar fhág sé an dá chaoire agus an bhróg. Ní mó ná sásta a bhí sé nuair a bhraith sé uaidh an chaoire agus an bhróg eile.
"Níl aon amadán in Éirinn is mó ná mé," ar seisean. "Ar dtús chaith mé uaim an bhróg. Ansin theip orm í a fháil arais. Níos measa ná sin, níor cheangail mé an chaoire sin i gceart agus tá sí imithe ar strae orm. D'fhág mé an bhróg eile ar an gclaí ach is dócha gur leag an chaoire sa díog é ag éaló di. Á mhuise mhaise! Nach mé an tri díol trua ?"

Thug sé an bóthar air féin arís agus é tromchroíoch ainnis. Ba ghearr go raibh sé ag gabháil thar an gcoill. Nuair a chonaic Seán chuige an gadaí thosaigh sé ag méiligh faoi mar a dhéanfadh caoire. Chuala an gadaí é. Stad sé. Thóg sé a cheann. Chuir sé cluas le héisteacht air féin. Chuala sé an glór arís. D'fhéach sé i dtreo na coille. Chonaic sé an rud bán ag gluaiseacht i measc na gcrann.
"Hó!" ar seisean. "Sin í an chaoire a chuaigh ar strae orm ó chianaibh nuair a bhí mé ar lorg na bróige."
D'fhág sé an chaoire ar an mbóthar. Rith sé sa choill isteach, go mbéarfadh sé ar an gcaoire. Níor dhein Seán ach an craiceann a bhaint anuas de féin agus a chur i bhfolach faoina chasóg. Amach leis ansin agus thóg sé abhaile an chaoire eile.

Bhí an duine uasal lántsásta. Ní raibh an gadaí chomh sásta sin, áfach.
Chuaigh sé abhaile go dtí an phluais a bhí ar an gcnoc aige.
Roinnt lá ina dhiaidh sin chuaigh Seán faoi dhéin na pluaise. Ba ghearr go bhfaca sé an gadaí agus a bhuachaill aimsire. Leathamadán ab ea an buachaill.

Tháinig an gadaí agus an buachaill amach agus thug siad aghaidh ar an ngleann a bhí thíos fúthu. Lean Seán iad. Ní raibh siad ach tamall gearr ar an mbóthar nuair a stad an gadaí.
Ar dhún tú an doras ?" arsa an gadaí. "'Níor dhún ambasa.
A thiarcuis arsa an gadaí. "Níor bhain amhgar dom gur chas mé leat. Imigh agus tarraing amach an doras sa teach!

Dimigh sé leis. Ba ghearr gur chuala Seán an fothram ag déanamh air. An buachaill a bhí ina dhiaidh. Léim an gadai chuige. "Seo siúd orm, a amadáin," ar seisean. "Ní fada go maródh tú mé! Seo, téanam ort abhaile."

D'fhill siad ar an bpluais. Dúirt an gadaí leis an buachaill císte a dhéanamh. Chrom an buachaill ar an obair agus chuaigh an gadaí a codladh dó féin ar tholg a bhí san áit.
Ní fada a bhí an buachaill ag obair ar an gcíste gur thug sé faoi deara an tine a bheith ag dul in éag. Fuair sé gabháil mhóna agus chuir sa tine i, ach, má chuir, thit brúscar móna sa chíste.
Ní fhaca Seán cad a rinne an buachaill ina dhiaidh sin agus bhí sé ar tí dul abhaile nuair a chuala sé an gadaí ag caint ag labhairt leis an mbuachaill.

An bhfuil an císte déanta agat ?" ar seisean.
'Mhuise go bhfóire Dia orainn, a mháistir, Níl," arsa an buachaill, "mar nuair a bhí fód agam á chur sa tine thit brúscar móna uaim ann agus bhí orm an plúr a aistriú. "Ó'sé, loiscreán tinn dóite ort!" arsa an gadai. "Nach mé atá cráite agat. Ach, a leithéid seo! Má dhéanann tú aon drochghníomh amháin eile beidh ort dul abhaile ar fad go teach do mhuintire. Ní fhéadfadh aon ghadaí macánta bheith suas leat."
Nuair a chuala Seán an méid sin d'imigh sé leis abhaile. D'inis sé an scéal don duine uasal.
Bhí sin go maith is ní raibh go holc. Cúpla lá ina dhiaidh sin bhuail comharsa isteach go dtí an duine uasal. "A leithéid seo', ar seisean, "Mhairbh mé muc inné agus bhíomar chun í a leasú inniu, ach, cad is dóigh leat, ach gur tháinig an Gadaí Mór aréir agus rug leis gach aon bhlúire den bhfeoil."

"Fág fúmsa é," arsa Seán. arís uaidh..Timpeall an ama céanna seo bhí an gadaí ag caint leis an mbuachaill aimsire.
"Féach," ar seisean. "Leasaigh an fheoil sin. Teastóidh an fheoil sin go géar i gcóir Scríob Liath an Earraigh." Chrom an buachaill ar an obair.
"Sea," ar seisean leis féin, "fágann sin nach dtiocfaidh an gadaí aniar aduaidh orm agus mé sa phluais."
D'fhill sé ar a chuid éadaigh. Chuir sé uime agus chuaigh sé faoi dhéin na pluaise.
Bhí an buachaill aimsire ag glanadh na háite. Bhí an fheoil crochta den síleáil aige.
Labhair Seán. "Dia anseo isteach mar a mbeannaíonn an stróinséar," ar seisean.
"Dia's Muire dhuit! cár ghabhais chugainn, a stróinséar?" arsa an buachaill.*
Ghaibh mé chugat, a chara, anoir is aniar is aneas, o áth na mbreac agus béal díreach an dorais isteach, agus gura slán beo thú, a dhuine chroí istigh! éirigh suas go fearúil, agus líon an mála seo d'fheoil bhreá

leasaithe!"

"Ó," arsa an buachaill aimsire. "An tusa Scríob Liathm. an Earraigh?" "Is mé chéana," arsa Seán.
Thug an buachaill an fheoil dó agus d'imigh Seán leis. Thug sé an fheoil don té ar leis í. Bhí an duine uasal sásta agus mhol sé a shaothar do Sheán.
Tháinig an gadaí abhaile. Bhí sé tuirseach traochta tar éis dó shiúl timpeall abhaile nuair a bhraith sé uaidh an báidín. Ghlaoigh sé ar an mbuachaill.
"An bhfuil aon phioc den bhfeoil sin ullamh agat?" ar seisean. "Conas a bheadh sí ullamh agam nuair a tháinig Scríob Liath an Earraigh féin ag triall uirthi," an freagra a fuair sé.

"Níor theip an tuathal riamh ort!" arsa an gadaí. "Nach bhfuil a fhios ag an saol gur. 'Scríob Liath an Earraigh' a thugtar ar dhubh-luachair na bliana - ar an sioc a thiteann san Earrach ? Ní haon mhaith bheith leat. Caithfidh mé mo ghnó féin a dhéanamh feasta."
Ché Ná raibh aon ní le nithe sa phluais, bhí poll prátaí aige in aice na pluaise. Chuaigh sé chuige go mbaileodh sé prátaí i gcóir an dinnéir. Bhí poll mór sa pholl agus ba léir dó gur goideadh na prátai as. Isteach sa phluais leis.
An tusa a phóll mo pholl?" ar seisean. Baineadh geit as an mbuachaill agus tháinig eagla air.
"Ní mise a pholl do pholl," ar seisean, "ná a chuir aon duine ag polladh do phoill, ach fear poill a pholladh a mbeadh poll aige féin go bpollfaimís a pholl de bharr do phoill a pholladh.
Nuair a chuala an gadaí an méid sin bhris ar an bhfoidhne aige ar fad ar fad agus ruaig sé an buachaill aimsire as an bpluais. D'fhill an buachaill ar a mhuintir agus níor bhac sé le gadaíocht ná le gadaithe as sin amach.Tamall gearr ina dhiaidh sin ghlaoigh an duine uasal ar Sheán. Dúirt sé leis go raibh cuid mhaith airgid sa bhanc aige. Theastaigh cúpla céad punt den airgead sin uaidh. Chuir sé Seán ag triall ar an airgead.
Thóg Seán sean-chapall a bhí ag an duine uasal agus d'imigh sé faoi dhéin an bhaile mhóir. Agus é ag gabháil an chongair cé a chasfaí leis ach an gadaí. D'aithin sé an gadaí go maith ach ní raibh aon aithne ag an ngadaí air.
Cheistigh an gadaí é agus nuair a fuair sé amach cérbh é agus cá raibh sé ag dul chuir sé na mionna crua air casadh leis ar a shlí abhaile. Dúirt Seán go raibh sé sásta, ach, thuig sé go maith an gníomh a bhí ar aigne ag an ngadai.

Nuair a shroich Seán an baile mór fuair sé an t-airgead. Chuir sé i dtaisce go cruinn é laistigh dá léine.

D'imigh sé ansin agus fuair sé máilin. Bhailigh sé sliogáin agus tairní ansin agus chuir sa mháilín iad. Do Cheangail sé an máilín d'eirbeall an chapaill agus bhuail sé bóthar abhaile. Bhí gach aon ghleo agus clismirt as an máilín agus an capall ar sodar.

Níorbh fhada gur shroich sé pluais an ghadaí. Níor stad. sé, áfach. Nuair a chuala an gadaí ag gabháil thart é rith sé ina dhiaidh. Bhí Seán ag gabháil trasna na habhann nuair a tháinig an gadaí suas leis. Agus é leath slí trasna ghearr Seán an corda agus thit an máilín isteach san uisce. Léim an gadaí isteach ina dhiaidh agus thug Seán na cosa leis.

Bhí a fhios ag Seán ansin gur bhaolach dó dá bhfeicfeadh an gadaí arís é. Rinne sé a mhachnamh ar an scéal, agus, ar deireadh thiar, bheartaigh sé ar an ngadaí a ghabháil agus a thabhairt do na gárdaí go ndiolfadh sé as a dhrochghníomhartha.

D'éirigh sé go luath ar maidin agus thug sé aghaidh ar an bpluais. Tháinig an gadaí chuige.
'" Sea, a bhioránaigh! Níor chomhlíon tú do gheallúint!" arsa an gadaí.

"Mo thrua mhór tú, a amadáin," arsa Seán. "Níl aon ghliceas ionat. Nach amhlaidh a imir mé an cleas sin ort d'fhonn is go dtiocfá i mo dhiaidh i gan fhios HÓ! Gabh mo leithscéal, más mar sin atá agat," arsa an gadai.

Bhí a fhios ag Seán go raibh an gadaí in amhras go raibh Seán macánta leis. Dúirt sé leis féin go gcaithfeadh sé rud éigin a dhéanamh a leigheasfadh an scéal. Ba dhóigh leis gur mhaith an plean é rud éigin a ghoid. Chreidfeadh an gadai ann ansin agus bheadh ar a chumas an rud a thabhairt ar ais

Lean an bheirt acu ag caint ar feadh tamaillín. Rinne siad cur síos ar gach aon tsaghas gadaíochta. Dúirt an gadaí go raibh drochshaol ann do bheithiúnaigh agus gur dheacair aon chreach fhónta a ghoid. Bhí an scéal chomh hainnis sin go raibh sé féin gan capall le fada an lá.
Airiú," arsa Seán, "agus nach bhfáil capall an-bhreá ag Tadhg an Ghleanna
thoir?". "Má tá féin," arsa an gadaí, "níl aon mhaith ann domsa.

Nuair a chuaigh Seán síos ní cabhair a thug sé don mbeithiúnach ach a mhalairt. Bhí sé ag tarrac ar a dhícheall chun an paca a choimeád ag bun an staighre.

Faoi cheann tamaill labhair sé. "Fan ort go fóillín," ar seisean. "Táimse ró lag don obair seo. Tar-se anuas agus rachadsa anáirde."

Anáirde le Seán agus ní túisce bhí an gadaí thíos ná dhún Seán an doras agus chuir glas air. Ghlaoigh sé ar an duine uasal ansin.Tháinig an duine uasal.

Bhí ard áthas air nuair a chuala sé an scéal. Cuireadh fios ar na gárdaí go luath ina dhiaidh sin. Fuaireadh an capall i bhfolach i measc na gcrann. 'Tugadh abhaile go Tadhg an Ghleanna é. Tugadh an gadaí go dtí an príosún mór áit már bhaol do dhaoine é.

Fuair Seán ard mholadh ó gach aon duine. Bhí an duine uasal chomh buíoch sin de gur chuir sé fios ar an mbaintreach chun nach scarfadh Seán leis go bráth arís.

Ní fheadar an bhfuil aon duine acu ina bheatha anois, ach, má fuair siad bás ní mise faoi ndear é.
Sin mo scéal anois, agus má tá bréag ann bíodh, ach, ní mise a chúm ná a cheap é.

Eachtraí na hÓige

Lá amháin chuaigh Pól go dtí an abhainn. Bhain sé de agus léim sé isteach san uisce. Bhí snámh deas aige. Go tobann chonaic sé sac ag teacht anuas leis an sruth. Tháinig an sac in aice leis. Shnámh sé trasna agus rug sé air. Tharraing sé an sac go dtí an bruach. Chaith sé suas ar an talamh é. Ansin léim sé féin amach ar an talamh.

D'oscail sé an sac. D'fhéach sé isteach. Is beag nár thit sé nuair a chonaic sé coileán beag bídeach istigh ann. Coileán beag álainn, agus é beo.
Thóg sé an coileán amach as an sac, agus áthas an domhain air. Chimil sé é. D'fháisc sé lena chroí é. Ansin chuir sé ar an talamh é. Chuir sé a chuid éadaigh air féin. Thóg sé an coileán suas ina bhachlainn. Rith sé abhaile go mear.

D'fhan Pól gan cor as, agus é ag féachaint ar an gcoileán beag bídeach a bhí ina luí go sona sásta sa bhosca beag cois na tine. Go tobann baineadh geit as. Rith a dheirfiúr óg Cáit isteach, agus í ag béiceadh: "ó féachaigí cad atá agam. Féachaigí cad atá agam."
D'fhéach sé timpeall agus iontas air. Baineadh geit eile as, mar bhí puisín beag bídeach ina bachlainn ag Cáit. Puisín beag álainn. Puisín beag a bhí chomh bán le sneachta.
"Cá bhfuair tú í?" arsa Pól. "Tá sí go hálainn."
Thug Úna Ní Néill dom í," arsa Cáit. "Is liom féin í. Tá sí go hálainn. Agus tá ainm agam uirthi. Báinín. Báinín beag álainn," agus d'fháisc sí an puisín lena chroí.

Is ansin a chonaic sí an coileán. Bhí ionadh uirthi. Bhí áthas uirthi. Agus bhí ionadh an domhain uirthi nuair a d'inis Pól an scéal ar fad di.
Chuir sí an puisín ar an urlár, agus rug sí barróg ar Phól, Tá tú go hiontach, a Phóil," ar sise. "Tá tú go hiontach. Anois tá dhá pheata againn. Tá coileán beag bídeach agat, agus tá puisín beag bídeach agam. Beidh spórt againn. Beidh spórt an domhain againn." Agus dhein an bheirt rince timpeall na cistine.
Fuair Cáit pláta beag ansin, agus thug sí deoch bainne don phuisín. Agus d'ól sí é, mar bhí tart uirthi. Ansin fuair Cáit bosca beag, agus chuir sí cúpla sean-stocaí isteach ann, chun é a dhéanamh compórdach.
Chuir sí in aice na tine é, agus chuir sí an puisín isteach ann. Bhí Báinín sona sásta, agus ba ghearr gur

thit a chodladh air.
Bhí áthas an domhain ar na páistí, agus iad ag féachaint ar na peataí - an coileán agus Báinín.
"Caithfidh mé ainm a chur ar mo mhadra," arsa Pól. Cad é an t-ainm a chuirfidh mé air?"
"ó féach na spotaí dubha atá air," arsa Cáit. "Féach na spotaí deasa. Cuir "Spota" mar ainm air."
Agus "Spota" a chuir Pól ar an gcoileán beag bídeach.

D'fhás Spota agus Báinín suas go tapaidh, mar thug na páistí aire mhaith dóibh. Bhí cion an domhain ag na páistí orthu. Agus bhỉ cion ag Daidí agus Mamaí orthu freisin. Dhein Daidí teach deas do Spota sa scioból. Agus dhein Mamaí teach deas do Bháinín sa scioból freisin. Thugadh na páistí béilí dóibh.
Ba ghearr go raibh na peataí ábalta obair a dhéanamh. Bhí Spota ábalta an bhó bheag dhubh a thiomáint isteach.

Bhí Báinín ábalta lucha a mharú.
Bhíodh spórt acu ag imirt leis. Ritheadh Báinín suas ar chrann. Bhíodh Spota ag rith agus ag léimneach le Pól.
Bhí saol sona ag na peataí. Bhí saol sona ag na páistí.
Oíche amháin, tháinig gadaí mór gránna go dtí an teach. D'oscail sé fuinneog, agus léim sé isteach.

Chuala Spota é. Chonaic Báinín é. Rith siad go dtí an fhuinneog. D'fhan siad taobh amuigh agus iad ag faire.
Ba ghearr go dtáinig an gadaí mór gránna go dtí an fhuinneog. D'fhéach sé amach. Ní fhaca sé aon rud, mar bhí na peataí in aice an mballa.
Go tobann thug na peataí fogha faoi. Rug Spota ar chos leis. Scríob Báinín a aghaidh.
"Stopaigí! Stopaigí! bhéic an gadaí mór gránna. "Táim marbh agaibh. Táim marbh agaibh."
Ach níor stop na peataí den troid. Agus níor stop an gadaí mór gránna den bhéiceadh.
Chuala Daidí an béiceadh. Léim sé as a leaba. Fuair sé a ghunna. Rug sé ar an ngadaí ór gránna, agus cheangail sé é.

Tháinig na gárdaí agus chuir siad an gadaí mór gránna i bpríosún.
Bhí áthas an domhain ar Dhaidí. Cheannaigh sé ribín dearg do Bháinín. Cheannaigh sé bóna álainn buí do Spota. Sea. Agus cheannaigh sé rothair do na páistí. Cheannaigh sé rothar álainn gorm do Cháit. Agus

cheannaigh sé rothar álainn dearg do Phól.
Anois téann na páistí ag rothaíocht gach lá; agus bíonn na peataí ag rothaíocht leo. Bíonn Spota ina sheasamh ar chluasa rothair Phóil. Bíonn Báinín ina sheasamh ar chluasą rothar Cháit.
Nach álainn é an saol atá acu go léir.